

An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0810 (NLE)

12461/25
ADD 8

COLAC 138
POLCOM 222
SERVICES 54
FDI 49

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 810 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 810 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 810 final

ANNEX 3 – PART 2/2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. I Sceideal Páirtí a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, leagtar amach na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh a thugann an Páirtí sin de bhun Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh).
2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:
 - (a) Ciallaíonn ‘CMAP’ uimhreacha Aicmiú Mheicsiceo Gníomhaíochtaí agus Táirgí (*Clasificación Mexicana de Actividades y Productos*), mar a leagtar amach ag Institiúid Náisiúnta an Staidrimh agus na Tíreolaíochta (*Instituto Nacional de Estadística y Geografía*) in Aicmiú Mheicsiceo Gníomhaíochtaí agus Táirgí (*Clasificación Mexicana de Actividades y Productos*), 1994;
 - (b) ciallaíonn ‘CPC’ uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Lárnach Táirgí (CPC) mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991; agus

- (c) ciallaíonn ‘ISIC’ Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le Gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Leag. 3.1, 2002.

3. Na gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha nó i bhfo-earnálacha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus nach n-inscríobhtar sa Sceideal, ní chumhdaítear iad leis na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh dá dtagraítear i mír 1.

4. Tá Sceideal Páirtí gan dochar do chearta agus d’oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

5. I ngach iontráil sa Sceideal, leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

- (a) tagraíonn ‘earnáil’ don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;
- (b) tagraíonn ‘fo-earnáil’ don earnáil shonrach nó don ghníomhaíocht shonrach ina dtugtar gealltanais de réir CMAP, CPC nó ISIC, más infheidhme;
- (c) le ‘teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh’, sonraítear na teorainneacha is infheidhme, lena n-áirítear an fhéidearthacht bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun má shonraítear amhlaidh, nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh i gcás ina bhfuil rochtain ar an margadh neamhcheangailte, ar bearta iad nach bhfuil i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó in Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh).

6. Agus iontráil á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú.
7. Maidir le gealltanais a thugtar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh agus beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta agus maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an ngealltanais.
8. Maidir le gealltanais a thugtar ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó Ballstáit, beidh feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.
9. Níl san Iarscríbhinn seo ach teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh, agus iad neamh-idirdhealaitheach.
10. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh de réir bhrí Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) agus Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh) iad na bearta seo a leanas, ar choinníoll go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach:
 - (a) bearta lena gceanglaítear go scarfaí úinéireacht bonneagair ó úinéireacht na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear tríd an mbonneagar sin chun iomaíocht chóir a áirithiú, mar shampla i réimse an fhuinnimh, i réimse an iompair agus i réimse na teileachumarsáide;
 - (b) bearta lena srianantar tiúchan na húinéireachta chun iomaíocht chóir a áirithiú;

- (c) bearta lena bhféachtar le caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear teorainn a chur le hinfhaighteacht, líon agus raon feidhme na lamháltas arna ndeonú, agus moratóir nó toirmeasc a fhorchur;
- (d) bearta lena dteorannaítear an líon údaruithe a dheonófar de bharr srianta teicniúla nó fisiceacha, mar shampla speictrim agus minicíochtaí teileachumarsáide; nó
- (e) bearta lena gceanglaítear gur daoine cáilithe a bheidh i gcéatadán áirithe de scairshealbhóirí, úinéirí, comhpháirtithe nó stiúrthóirí fiontair nó go gcleachtfaidh siad gairm áirithe, amhail gairm mar dhlíodóir nó mar chuntasóir.

11. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i Sceideal an Aontais Eorpaigh:

AT	an Ostair
BE	an Bheilg ¹
BG	an Bhulgáir
CY	an Chipir
CZ	an tSeicia

¹ Chun críocha na bhforchoimeádas sa Bheilg, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

DE	an Ghearmáin
DK	an Danmhairg
EE	an Eastóin
LEE	an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
EL	an Ghréig
ES	an Spáinn
AE	an tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh
FI	an Fhionlainn ²
FR	an Fhrainc
HR	an Chróit
HU	an Ungáir

² Chun críocha na bhforchoimeádas san Fhionlainn, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

IE	Éire
IT	an Iodáil
LT	an Liotuáin
LU	Lucsamburg
LV	an Laitvia
MT	Málta
NL	an Ísiltír
PL	an Pholainn
PT	an Phortaingéil
RO	an Rómáin
SE	an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK an tSlóvaic

12. Chun críocha Sceideal Mheicsiceo:

- (a) Tagraíonn ‘1)’ do sholáthar seirbhíse ó chríoch an Aontais Eorpaigh isteach i gcríoch Mheicsiceo;
- (b) Tagraíonn ‘2)’ do sholáthar seirbhíse i gcríoch an Aontais Eorpaigh ag duine den Aontas Eorpach do dhuine de Mheicsiceo;
- (c) tagraíonn ‘3)’ do sholáthar seirbhíse i gcríoch Mheicsiceo ag infheisteoir den Aontas Eorpach, nó d’infheistíocht faoi chumhdach;
- (d) Tagraíonn ‘4)’ do sholáthar seirbhíse ag duine nádúrtha den Aontas Eorpach i gcríoch Mheicsiceo.

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

SCEIDEAL AN AONTAIS EORPAIGH

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-1 – Gach earnáil	
Láithreachacht tráchtála	Maidir le hInfheistíocht: San Aontas Eorpach: Féadfaidh aon Bhallstát, agus é ag díol nó ag diúscairt a chuid leasanna cothromais nó na sócmhainní a bhaineann le fiontar stáit atá ann cheana nó le heintiteas de chuid an rialtais atá ann cheana agus a sholáthraíonn seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais (CPC 93, 92), féadfaidh sé toirmeasc a chur ar infheistíochtaí Mheicsiceo nó a gcuid infheistíochtaí úinéireacht na leasanna nó na sócmhainní sin a bheith acu, nó teorainneacha a chur léi, agus le cumas úinéirí na leasanna nó na sócmhainní sin aon fhiontar iarmhartach a rialú. Maidir leis an díol sin nó leis an diúscairt eile sin, féadfaidh aon Bhallstát aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dteorannaítear an líon soláthróirí.
	Maidir le hInfheistíocht: San Aontas Eorpach: Seirbhísí a mheastar a bheith ina bhfóntais phoiblí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal áitiúil, féadfaidh siad a bheith faoi réir monaplachtaí poiblí nó faoi réir cearta eisiacha a dheonaítear d'oibreoirí príobháideacha.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Tá fónais phoiblí ann in earnálacha amhail seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla, seirbhísí taighde agus forbartha (T&F) maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí sláinte, seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta gach modha iompair. Is minic a dheonaítear cearta eisiacha i leith na seirbhísí sin d'oibreoirí príobháideacha, mar shampla oibreoirí a bhfuil lamháltais acu ó údarais phoiblí, faoi réir oibleagáidí sonracha maidir le seirbhísí. Sceidealú mionsonraithe uileghabhálach earnáilsonrach, níl sé sin praiticiúil de bhrí gur minic a bhíonn fónais phoiblí ann ar an leibhéal fo-lárnach freisin. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir leis an teileachumarsáid ná le seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara. In BG: Gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le réadmhaoin Stáit nó réadmhaoin phoiblí a shaothrú nó a úsáid, tá siad faoi réir lamháltais a dheonaítear faoi fhorálacha Acht na Lamháltas. I gcorparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an Stát nó ag bardas, aon idirbheart chun sócmhainní seasta de chuid na corparáide a dhiúscairt ar mhaithe le haon chonradh a thabhairt i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, gníomhaíocht chomhpháirteach nó creidmheas a éadail, sin agus infháltais a urrú, chomh maith le haon oibleagáid a eascraíonn as billí malairte a thabhtú, tá na hidirbhearta, an t-urrú agus an tabhtú céanna faoi réir a n-údaraithe nó a gceadaithe ag an nGníomhaireacht um Príobháidiú nó ag comhlachtaí eile stáit nó réigiúnacha, cibé acu is údarás inniúil. Ní bhaineann an forchoimeádas sin leis an mianadóireacht ná leis an gcairéalú, atá faoi réir forchoimeádas ar leithligh. In HU: Caithfidh láithreacht tráchtála a bheith i bhfoirm cuideachta faoi dhliteanas teoranta, cuideachta comhstoic nó oifig ionadaíochta. Níl iontráil tosaigh mar bhrainse ceadaithe ach le haghaidh seirbhísí airgeadais. In IT: I dtaca le héadail bunanna cothromais cuideachtaí a fheidhmíonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i dtaca le héadail sócmhainní straitéiseacha i réimsí na seirbhísí iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh, féadfaidh siad a bheith faoi réir fhormheas Oifig Uachtaránacht Chomhairle na nAirí.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In IT: Féadfaidh an Stát cumhachtaí speisialta áirithe a fheidhmiú i bhfiontair a oibríonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i ngníomhaíochtaí áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide. Baineann sé sin le gach duine dlítheanach a dhéanann gníomhaíochtaí a meastar go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus ní hamháin le cuideachtaí príobháidithe. I gcás ina bhfuil an bhagairt ann go ndéanfar mórdhíobháil do leasanna bunúsacha na cosanta agus na slándála náisiúnta, tá na cumhachtaí seo a leanas ag an Rialtas: (a) coinníollacha sonracha a fhorchur i gceannach scaireanna; (b) rúin a bhaineann le hoibríochtaí speisialta amhail aistrithe, cumaisc, deighilt agus athruithe gníomhaíochta, a nglacadh sin a chrosadh; nó (c) diúltú a thabhairt maidir le scaireanna a éadail, i gcás ina bhfuil an ceannaitheoir ag féachaint le leibhéal rannpháirtíochta a bheith aige sa chaipiteal ar dócha go ndéanfaidh sé dochar do leasanna na cosanta agus na slándála náisiúnta. Aon rún, gníomh agus idirbheart (aistrithe, cumaisc, deighilt, athrú gníomhaíochta, foirceannadh) a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide, tabharfaidh an chuideachta lena mbaineann fógra faoi d'oifig an Phríomh-Aire. Go sonrach, tabharfar fógra faoi éadálacha arna ndéanamh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach lasmuigh den Aontas Eorpach lena dtugtar smacht ar an gcuideachta don duine sin. Féadfaidh an Príomh-Aire cumhachtaí speisialta a fheidhmiú chun: (a) aon rún, gníomh nó idirbheart a chrosadh, ar bagairt eisceachtúil mórdhíobhála é do leas an phobail i dtaca le slándáil agus oibriú líonraí agus soláthairtí; (b) coinníollacha sonracha a fhorchur chun leas an phobail a ráthú; nó (c) éadail a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil leasanna bunúsacha an Stáit i mbaol.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Leagtar síos sa dlí na critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfíorbhagairt nó ar an mbagairt eisceachtúil atá ann maidir le mórdhíobháil, agus ar na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun na cumhachtaí speisialta a fheidhmiú. In LT: Féadfaidh an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh agus srianta a fhorchur i ndáil le hinfheistíocht i bhfiontair a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis an tslándáil náisiúnta i dtaca le húinéireacht (cion den chaipiteal a fhéadfaidh daoine príobháideacha náisiúnta nó eachtracha a shealbhú, cion a bheidh i gcomhréir le leasanna slándála náisiúnta); infheistíochtaí i bhfiontair, in earnálacha agus i saoráidí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis na tslándáil náisiúnta; agus nósanna imeachta agus critéir chun comhréireacht infheisteoirí náisiúnta ionchasacha agus rannpháirtithe ionchasacha i bhfiontair a chinneadh).
Réadmhaoin a éadail	Maidir le hInfheistíocht: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le héadail maoin atá faoi úinéireacht stáit. In DK: Rialaítear éadail talún talmhaíochta ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha leis an Acht Danmhargach um Ghabháiltais Talmhaíochta, ina bhforchuirtear srianta ar gach duine, bíodh sé ina Dhanmhargach nó ina eachtrannach, agus réadmhaoin talmhaíochta á héadail. Dá réir sin, aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar mian leis réadmhaoin talmhaíochta a éadail, comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach san Acht sin.
Airm, muinisean agus ábhar cogaidh	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le hairm, muinisean agus ábhar cogaidh a tháirgeadh nó a dháileadh, nó trádáil iontu. Tá ábhar cogaidh teoranta d'aon táirge ar lena úsáid go míleata amháin, i ndáil le gníomhaíochtaí cogaidh nó cosanta a dhéanamh, a bheartaítear agus a dhéantar é.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)	
Seirbhísí dlí (cuid de CPC 861), lena n-áirítear seirbhísí gníomhaire paitinní ³ .	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Cé is moite de SE, neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí údaraithe dlí, seirbhísí doiciméadachta agus seirbhísí deimhniúcháin arna soláthar ag gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótaireí, ‘huissiers de justice’ nó ‘officiers publics et ministériels’ eile, agus i ndáil le seirbhísí a chuireann báillí ar fáil a cheaptar trí bhíthin acht oifigiúil rialtais (cuid de CPC 861, cuid de 87902). In CZ: Tá cead isteach iomlán sa Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Beidh dlíodóirí eachtracha arna nglacadh isteach i gComhlachas Barra na Seice i dteideal seirbhísí dlíthiúla a sholáthar i ndlí na tíre ina bhfuair siad a dteidlíocht chun seirbhísí dlí a chur ar fáil, agus sa dlí idirnáisiúnta. In DK: Tá feidhm ag ceanglais maidir le feidhmiú seirbhísí dlí faoin teideal ‘advokat’ (dlíodóir)⁴. In FR: Tá an ionadaíocht os comhair ‘Cour de Cassation’ agus ‘Conseil d’Etat’ faoi réir cuótaí. In HU: Féadfaidh dlíodóirí eachtracha comhairle dlí a chur ar fáil maidir le dlí na tíre baile agus leis an dlí idirnáisiúnta i gcomhpháirtíocht le dlíodóir Ungárach nó le gnólacht dlí. Ba cheart an láithreach tráchtála a bheith i bhfoirm comhpháirtíochta le habhcóide Ungárach (<i>ügyvéd</i>) nó le hoifig abhcóide (<i>ügyvédi iroda</i>).

³ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir leis na Nótaí Miniúcháin, féadfar a áireamh ar na ceanglais maidir le clárú le Barra ceanglas go mbeadh céim sa dlí bainte amach sa tír óstach nó a coibhéis, nó go mbeadh roinnt oiliúna déanta faoi mhaoirseacht dlíodóra cheadúnaithe, nó go mbeadh gá le hoifig nó seoladh poist laistigh de dhlínse an Bharra ar bhallraíocht a fháil. Sa mhéid go bhfuil na ceanglais sin neamh-idirdhealaitheach, ní liostaítear iad.

⁴ Féach Iarscríbhinn I.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In AT: Neamhcheangailte i ndáil leis an mbunaíocht chun dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na tíre baile a chleachtadh; ní cheadaítear cleachtas seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus le dlí na tíre baile ach ar bhonn trasteorann. In BG, CY, CZ, DE, DK, EL, EE, ES, FR, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PT, RO agus SK: Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. In BG: Ní aireofar in ainm an ghnólachta dlí ach ainmneacha na gcomhpháirtithe cláraithe. In FR: I ngnólacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí i ndáil le dlí na Fraince nó dlí an Aontais Eorpaigh, féadfaidh scairshealbhaíocht agus cearta vótála a bheith faoi réir srianta cainníochtúla a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil na gcomhpháirtithe. In LT: Féadfar cineálacha áirithe foirme dlíthiúla a fhorchoimeád go heisiach do dhlíodóirí arna nglaoch chun an Bharra, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. In SI: Tá láithreachacht tráchtála d’aturnaetha ceaptha ag Comhlachas Barra na Slóivéine srianta do dhílseánacht aonair, gnólacht dlí faoi dhliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó do ghnólacht dlí faoi dhliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht) amháin. Srianfar gníomhaíochtaí gnólachta dlí do chleachtadh an dlí. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí. In SE: Ní fhéadfaidh ach ball den Bharra cleachtadh mar abhcóide go díreach nó go hindíreach, nó trí mheán cuideachta, a bheith ina úinéir scaireanna sa chuideachta nó a bheith ina chomhpháirtí. Ní fhéadfaidh ach ball den Bharra a bheith ina bhall nó ina bhall ionaid den bhord nó ina leas-stiúrthóir bainistíochta, nó ina shínitheoir údaraithe nó rúnaí de chuid na cuideachta nó na comhpháirtíochta.
Seirbhísí cuntaíochta agus leabharchoimeáda (CPC 8621 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219, 86220)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha. Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In FR: Soláthar trí SEL (<i>société d'exercice liberal</i>) (<i>anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions</i>), AGC (<i>association de gestion et comptabilité</i>) nó SCP (<i>société civile professionnelle</i>) amháin (CPC 86213, 86219, 86220).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh cuntasáíochta agus leabharchoimeádta. In IT: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh seirbhísí cuntasáíochta agus leabharchoimeádta (CPC 86213, 86219, 86220). In SI: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh seirbhísí cuntasáíochta agus leabharchoimeádta. (CPC 86213, 86219, 86220).
Seirbhísí iniúchóireachta (CPC 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasáíochta)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha. Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe.
	Maidir le hInfheistíocht: In BE: Tá bunaíocht in BE ina ceanglas san áit a ndéanfar an ghníomhaíocht ghairmiúil agus a gcoinneofar ar bun achtanna, doiciméid agus comhfhreagras a bhaineann léi. Ní mór riarthóir nó bainisteoir amháin ar a laghad de chuid na bunaíochta a bheith formheasta mar iniúchóir. In BG: Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. In CZ: Ní fhéadfar ach fiontar ina bhfuil 60 % ar a laghad de leasanna caipitil nó cearta vótála forchoimeádta do náisiúnaigh CZ nó do náisiúnaigh Bhallstáit a údarú chun iniúchtaí a dhéanamh in CZ.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In DE: Ní fhéadfaidh cuideachtaí iniúchóireachta (<i>Wirtschaftsprüfungsgesellschaften</i>) ach foirmeacha dlíthiúla is incheadaithe laistigh den Aontas Eorpach nó de LEE a ghlacadh. Féadfar comhpháirtíochtaí ginearálta agus comhpháirtíochtaí tráchtála teoranta a aithint mar ‘Wirtschaftsprüfungsgesellschaften’ má tá siad liostaithe mar chomhpháirtíochtaí trádála sa chlár tráchtála ar bhonn a gcuid gníomhaíochtaí muiníneacha, Airteagal 27 de ‘Wirtschaftsprüferordnung’ (WPO). Mar sin féin, féadfaidh iniúchóirí tríú tír atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 134 de ‘Wirtschaftsprüferordnung’ (WPO) an t-iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar chuntais fhioscacha bhliantúla nó ráitis airgeadais chomhdhlúite a sholáthar i gcás cuideachta ag a bhfuil a ceanncheathrú lasmuigh den Aontas Eorpach, agus a dtairgtear a cuid urrús inaistrithe lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte. In DK: I dtaca le cearta vótála i ngnólachtaí iniúchóireachta formheasta d’iniúchóirí agus i ngnólachtaí iniúchóireachta nach bhfuil formheasta i gcomhréir leis an rialachán lena gcuirtear chun feidhme an tOchtú Treoir 84/253/CEE ón gComhairle an 10 Aibreán 1984 bunaithe ar Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, ní rachaidh siad thar 10 % de na cearta vótála. In FI: Tá cónaí in LEE ina cheanglas le haghaidh duine amháin ar a laghad d’iniúchóirí cuideachta Fionlannaí faoi dhliteanas teoranta agus de chuid cuideachtaí atá faoi oibleagáid iniúchadh a dhéanamh. Ní mór an t-iniúchóir a bheith ina iniúchóir ag a bhfuil ceadúnas áitiúil nó ina ghnólacht iniúchóireachta ag a bhfuil ceadúnas áitiúil. In FR: Le haghaidh iniúchtaí reachtúla: soláthar trí haon fhoirm cuideachta seachas SNC (<i>société en nom collectif</i>), agus SCS (<i>société en commandite simple</i>). In PL: Tá feidhm ag na ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil. In SK: Ní fhéadfar ach fiontar ina bhfuil 60 % ar a laghad de na leasanna caipitil nó cearta vótála forchoimeádta do náisiúnaigh Shlóvacacha nó do náisiúnaigh de Bhallstát a údarú chun iniúchtaí a dhéanamh i bPoblacht na Slóvaice.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Féadfaidh iniúcháirí tríú tír atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 134 de ‘Wirtschaftsprüferordnung’ (WPO) an t-iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar chuntais fhioscacha bhliantúla nó ráitis airgeadais chomhdhlúite a sholáthar i gcás cuideachta ag a bhfuil a ceanncheathrú lasmuigh den Aontas Eorpach, agus a dtairgtear a cuid urrús inaistrithe lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte. In HU agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí iniúcháireachta.
Seirbhísí cánachais (CPC 863, gan seirbhísí comhairleacha dlíthiúla ná seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla maidir le cúrsaí cánach a áireamh, atá le fáil faoi sheirbhísí Dlí)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha. Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe. In PL: Tá feidhm ag na ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil.
	Maidir le hInfheistíocht: In FR: Soláthar trí SEL (<i>société d'exercice liberal</i>) (<i>anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions</i>), nó SCP (<i>société civile professionnelle</i>) amháin.
Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí; Seirbhísí innealtóireachta agus Seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Maidir le tionscadail ailtireachta agus innealtóireachta a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach leo, ní mór d'infheisteoirí eachtracha gníomhú i gcomhpháirtíocht le hinfheisteoirí áitiúla nó mar fhochonraitheoirí na n-infheisteoirí áitiúla sin (CPC 8671, 8672, 8673).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In FR: Ní fhéadfaidh ailtire bunú in FR ach chun seirbhísí ailtireachta a sholáthar trí cheann de na foirmeacha dlíthiúla seo a leanas a úsáid ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: SA (<i>société anonyme</i>) agus SARL (<i>société à responsabilité limitée</i>), EURL (<i>entreprise unipersonnelle à responsabilité limitée</i>), SCP (<i>société en commandite par actions</i>), SCOP (<i>société coopérative et participative</i>), SELARL (<i>société d'exercice libéral à responsabilité limitée</i>), SELAFA (<i>société d'exercice libéral à forme anonyme</i>), SELAS (<i>société d'exercice libéral</i>) nó SAS (<i>société par actions simplifiée</i>), nó mar phearsa aonair nó mar chomhpháirtí i ngnólacht ailtireachta (CPC 8671).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí amháin: In HR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann pleanála uirbí. Ní mór go mbailíochtódh duine nádúrtha nó dlítheanach arna údarú in HR dearadh nó tionscadal a chruthaigh ailtire, innealtóir nó pleanálaí uirbeach eachtrach maidir le comhlíonadh dhlí na Cróite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-3 – Seirbhísí Gairmiúla – Seirbhísí a bhaineann leis an tSláinte agus Miondiol Táirgí Cógaisíochta	
Seirbhísí leighis agus fiacloireachta; seirbhísí arna soláthar ag cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus foireann paraimhíochaine (CPC 85201, 9312, 9319)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CZ agus MT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiacloirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile (CPC 9312, cuid de 9319). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiacloireachta, seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus foireann paraimhíochaine, agus seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe, seachas seirbhísí a sholáthraíonn altraí. (CPC 9312, 9319) In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiacloireachta, seirbhísí a sholáthraíonn altraí, cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus foireann paraimhíochaine, agus seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe. (CPC 9312, cuid de 9319) In DE: Féadfar srianta geografacha a fhorchur ar an gclárú gairmiúil, srianta a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh araon. Ní mór do dhochtúirí, lena n-áirítear síceolaithe, síciteiripeoirí, agus fiacloirí, clárú le comhlachais réigiúnacha na ndochtúirí nó na bhfiacloirí árachais sláinte reachtúil (kassenärztliche nó kassenzahnärztliche Vereinigungen), más mian leo othair a chóireáil atá árachaithe ag na cistí reachtúla breoiteachta. Féadfaidh an clárú sin a bheith faoi réir srianta cainníochtúla ag brath ar scaipeadh réigiúnach na ndochtúirí. Níl feidhm ag an srian sin maidir le fiacloirí. Níl clárú riachtanach ach amháin le haghaidh dochtúirí atá rannpháirteach sa scéim sláinte poiblí. Le haghaidh seirbhísí leighis, fiacloireachta agus cnáimhseach, tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha amháin. Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh dochtúir i láthair go fisiceach roimhe sin. Féadfar líon na soláthróirí seirbhíse teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a theorannú chun idir-inoibritheacht, comhoiriúnacht agus caighdeán sábháilteachta riachtanacha a ráthú (CPC 9312, 9319).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In AT: Comhar dochtúirí chun críche cúraim sláinte poiblí le haghaidh othair sheachtracha, ní féidir cleachtais ghrúpa, mar a thugtar orthu, a reáchtáil ach amháin faoi fhoirm dhlíthiúil Offene Gesellschaft (OG) nó Gesellschaft mit beschränkter Haftung (GmbH). Ní fhéadfaidh ach dochtúirí gníomhú mar chomhlaigh den chleachtas grúpa sin. Beidh siad i dteideal cleachtadh leighis neamhspleách a dhéanamh, a bheith cláraithe le Cumann Liachta na hOstaire agus dul i mbun ghairm an leighis sa chleachtas. Ní ghníomhóidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile mar chomhlaigh den chleachtas grúpa ná ní bhainfidh siad leas as a ioncam nó a bhrabús (cuid de CPC 9312). In DE: D'fhéadfadh srianta a bheith ann maidir le foirm dhlíthiúil na bunaíochta is gá chun na seirbhísí sin a sholáthar (§ 95 SGB V).
Seirbhísí Tréidliachta (CPC 932)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh tréidlia i láthair go fisiceach roimhe sin. In DE, DK, ES, LV, NL agus SK: Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, is ceadmhach seirbhísí tréidliachta a sholáthar. In IE: Is do dhaoine nádúrtha nó do chomhpháirtíochtaí, agus dóibh sin amháin, is ceadmhach seirbhísí tréidliachta a sholáthar. In HU: Tá údarú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: dálaí mhargadh an tsaothair san earnáil.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In BG: Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach bunaíocht leighis tréidliachta a bhunú. In FR: Na foirmeacha dlíthiúla a bhíonn ar fáil do chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí tréidliachta, tá siad teoranta do SEP (<i>société en participation</i>), SCP (<i>société civile professionnelle</i>) agus SEL (<i>société d'exercice liberal</i>).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí tréidliachta.
Miondíol earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha, seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG, EE agus ES: Tá toirmeasc ar phostdíol cógas. In EE: Tá toirmeasc ar tháirgí íocshláinte a ordaítear ar an Idirlíon a sheachadadh sa phost nó trí mhearsheirbhís. In DE, DK, EL, ES agus LU: Níl cead ach ag daoine nádúrtha seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal. In EL: Níl cead ach ag cógaiseoirí ceadúnaithe agus cuideachtaí arna mbunú ag cógaiseoirí ceadúnaithe seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal. In FI: Neamhcheangailte i ndáil le miondíol táirgí cógaisíochta. In IT: Ní féidir ach daoine nádúrtha atá cláraithe sa chlár an ghairm a chleachtadh, chomh maith le daoine dlítheanacha i bhfoirm comhpháirtíochtaí, agus sa chás sin ní mór gach comhpháirtí sa chuideachta a bheith ina chógaiseoir cláraithe. In SE: Neamhcheangailte i ndáil le miondíol earraí cógaisíochta agus soláthar earraí cógaisíochta don phobal i gcoitinne.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: San Aontas, cé is moite de EL, IE, LT, LU agus NL: Sriantha leis an líon soláthróirí atá i dteideal seirbhís áirithe a sholáthar i gcrios nó i limistéar áitiúil ar leith ar bhonn neamh-idirdhealaitheach chun cosc a chur ar rósholáthar i limistéir ina bhfuil éileamh teoranta. Dá bhrí sin, féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a chur i bhfeidhm, agus aird á tabhairt ar fhachtóirí amhail líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar a d'imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra nó raon geografach. In AT: Ní fhéadfar earraí cógaisíochta agus earraí liachta sonracha a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. In BG: Caithfidh bainisteoirí cógaslainne a bheith ina gcógaiseoirí cáilithe agus ní fhéadfaidh siad ach chógaslann amháin a bhainistiú ina bhfuil siad féin ag obair. Tá cuóta ann maidir leis an líon cógaslann a fhéadfaidh a bheith faoi úinéireacht aon duine amháin. In BG agus EE: Ní fhéadfar earraí cógaisíochta agus earraí liachta sonracha a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. In DE: Tá an líon iomlán cógaslann in aghaidh an duine sriantha d'aon chógaslann amháin agus do suas le trí chógaslann brainse. In ES: Ní bhfaighidh aon chógaiseoir níos mó ná aon cheadúnas amháin. In FR: Tá údarú ina cheanglas chun cógaslann a oscailt, agus maidir le láithreach trachtála, lena n-áirítear táirgí míochaine a chiandíol leis an bpobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise, ní mór í a bheith i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a cheadaítear faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: SEL (<i>société d'exercice liberal</i>) (<i>anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions</i>), SNC (<i>société en noms collectifs</i>), nó SARL (<i>société à responsabilité limitée</i>) amháin. In MT: Ní bheidh níos mó ná aon cheadúnas amháin ag duine ar bith ina n-ainm féin i mbaile nó i sráidbhaile ar bith (Rialachán 5(1) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07)), ach amháin sa chás nach bhfuil aon iarratas eile le haghaidh an bhaile nó an tsráidbhaile sin (Rialachán 5(2) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07)).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In PT: I gcuideachtaí tráchtála ina bhfuil an caipiteal léirithe ag scaireanna, beidh siad siúd ainmniúil. Ní fhéadfaidh aon duine úinéireacht, oibriú nó bainistíocht níos mó ná ceithre chógaslann a shealbhú ná a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach, an tráth céanna. In SI: Is é atá i líonra na gcógaslann in SI institiúidí poiblí cógaslainne, faoi úinéireacht bardas, agus cógaiseoirí príobháideacha faoi lamháltas nach mór don úinéir tromlaigh a bheith ina chógaiseoir gairmiúil.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG agus ES: Tá toirmeasc ar phostdíol earraí cógaisíochta. In CZ: Is ó na Ballstáit amháin is féidir postdíol a dhéanamh. In IE, LT agus SI: Tá toirmeasc ar phostdíol earraí cógaisíochta lena bhfuil oideas ag teastáil.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-4 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí taighde agus forbartha (CPC 851, 852, 853)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Maidir le seirbhísí taighde agus forbartha (T&F) a chistítear go poiblí agus a bhaineann leas as cistiú arna sholáthar ag an Aontas ar leibhéal an Aontais, ní fheadfar cearta nó údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh de na Ballstáit agus d’fhiontair an Aontais a bhfuil a n-oifig chláráithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas (CPC 851, 853). Maidir le seirbhísí T&F a chistítear go poiblí agus a bhaineann leas as cistiú arna sholáthar ag Ballstát, ní fheadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann agus d’fhiontair an Bhallstáit lena mbaineann a bhfuil a gceanncheathrú sa Bhallstát sin (CPC 851, 853). Tá an forchoimeádas sin gan dochar d’eisiamh an tsoláthair ag Páirtí, nó d’fhóirdheontais le haghaidh trádáil i seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus in Airteagal 11.2 (Raon feidhme) faoi seach⁵.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí amháin In RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí taighde agus forbartha.

⁵ Ar na bearta ábhartha sin, tá: Cláir réime uile an Aontais um thaighde nó um nuálaíocht atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear Rialacha Rannpháirtíochta Fís 2020 (arna leagan síos le Rialachán (AE) 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh sa chlár ‘Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)’)

agus rialacháin a bhaineann le Comhthionscnaimh Teicneolaíochta, le Cinntí Airteagal 185, agus leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), chomh maith le cláir thaighde náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-5 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí réadmhaoine (CPC 821, 822)	
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CZ agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí réadmhaoine.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-6 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí cíosa nó léasaithe	
(a) Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí (CPC 831)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In SE: Soláthróirí seirbhísí cíosa nó léasaithe gluaisteán agus feithiclí eisbhóthair áirithe (<i>terrängmotorfordon</i>) gan tiománaí, a fhaightear ar cíos nó ar léas ar feadh tréimhse níos lú ná aon bhliain amháin, tá sé d'oibleagáid orthu duine a cheapadh le bheith freagrach, i measc nithe eile, as a chinntiú go ndéantar an gnó i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme agus go gcomhlíontar na rialacha maidir le sábháilteacht tráchta ar bhóithre. Ní mór don duine atá freagrach a bheith ina chónaí in SE.
(b) Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí maidir le hearraí pearsanta agus tí (CPC 832)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE agus FR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí léasaithe nó cíosa gan oibreoir maidir le hearraí pearsanta agus tí.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-7 – Seirbhísí Gnó	
(a) Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara (CPC 84) ⁶	Gan aon teorainn
(b) Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 864)	Gan aon teorainn
(c) Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865) agus Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleacht bainistíochta (CPC 866)	Gan aon teorainn
(d) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	Maidir le hInfheistíocht In FR: Le haghaidh suirbhéireachta, rochtain trí SEL (<i>société d'exercice liberal</i>) (<i>anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions</i>), SCP (<i>société civile professionnelle</i>), SA (<i>société anonyme</i>) agus SARL (<i>société à responsabilité limitée</i>) amháin. Ceanglaítear ar infheisteoirí eachtracha údarú sonracha a bheith acu le haghaidh seirbhísí taiscéalaíochta agus sirtheoireachta.
(e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Ní fhéadfaidh ach Aireacht Comhshaoil agus Uisce BG, nó a cuid gníomhaireachtaí i gcomhar le hAcadamh Eolaíochtaí na Bulgáire, tástáil agus anailís a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus ar íonacht aeir agus uisce. In FR agus PT: Forchoimeádtar gairm an bhitheolaí do dhaoine nádúrtha.

⁶ Tacaíonn an tAontas leis an 'Tuiscint maidir le raon feidhme an chumhdaigh i dtaca le seirbhísí ríomhaireachta- CPC 84'.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(f) Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	Gan aon teorainn
(g) Seirbhísí socrúcháin (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí socrúcháin maidir le baill foirne tí, oibrithe eile tráchtála nó tionsclaíocha, pearsanra altranais agus pearsanra eile (CPC 87204, 87205, 87206, 87209). In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, MT, PL, PT, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí socrúcháin a bhunú le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202). In LV agus LT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí socrúcháin le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige (CPC 87202). In DE agus IT: Sriantha leis an líon soláthróirí seirbhísí socrúcháin. In FR: Féadfaidh seirbhísí socrúcháin a bheith faoi réir monaplacht stáit. In DE: Féadfaidh an Aireacht Cónaidhme Saothair agus Gnóthaí Sóisialta rialachán a eisiúint lena gcuirfear sriantha le socrú agus le hearcú pearsanra neamh-AE nó neamh-LEE le haghaidh gairmeacha sonraithe (CPC 87202). In AT, BG, CY, CZ, DE, FI, EE, MT, LV, LT, PL, PT, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí soláthair le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige (87203). In IT: Sriantha leis an líon soláthróirí seirbhísí soláthair le haghaidh pearsanra oifige (87203). In BG, CY, CZ, DE, EE, FI, MT, LV, LT, PL, PT, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (87201).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In BE: I Réigiún na Vallúine, ceanglaítear ar chineál sonrach eintitis dhlítheanaigh arna bhunú go tráthrialta i bhfoirm duine dhlítheanaigh ag a bhfuil foirm tráchtála, faoi dhlí na Beilge, nó faoi dhlí Ballstáit nó arna rialú aige, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil (régulièrement constituée sous la forme d'une personne morale ayant une forme commerciale, soit au sens du droit belge, soit en vertu du droit d'un Etat membre ou régie par celui-ci, quelle que soit sa forme juridique) seirbhísí socrúcháin a sholáthar (CPC 87202). In ES: Srian le líon na soláthróirí seirbhísí cuardaigh agus socrúcháin feidhmiúcháin (CPC 87201, 87202).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de BE, HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí socrúcháin le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202). In FR, IE, IT agus NL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí socrúcháin le haghaidh pearsanra oifige (CPC 87203). In IE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann soláthair seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201).
(h) Seirbhísí slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG, CY, CZ, EE, LT, LV, MT, PL, RO, SI agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí slándála. In DK, HR agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar na bhfo-earnálacha seo a leanas: seirbhísí garda (CPC 87305) in HR agus HU, seirbhísí comhairliúcháin slándála (CPC 87302) in HR, seirbhísí garda aerfoirt (cuid de CPC 87305) in DK agus seirbhísí carr armúrtha (CPC 87304) in HU.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In DK: Ceanglas cónaithe ar an duine nádúrtha a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar údarú chun seirbhís slándála a dhéanamh agus ar bhainisteoirí agus ar thromlach na gcomhaltaí ar bhord an eintitis dhlítheanaigh a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar údarú chun seirbhís slándála a dhéanamh. Mar sin féin, níl cónaí ina cheangal a mhéid a leanann sé comhaontú nó ordú idirnáisiúnta arna eisiúint ag an Aire Dlí agus Cirt.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE, ES, FI, FR agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí slándála.
(i) Seirbhísí imscrúdaithe (CPC 87301)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AE, cé is moite de AT agus SE: Neamhcheangailte In LT agus PT: Monaplacht atá forchoimeádta don Stát is ea seirbhísí imscrúdaithe.
(j) Seirbhísí glantacháin foirgneamh (CPC 874)	Gan aon teorainn
(k) Seirbhísí grianghrafadóireachta (CPC 875)	Gan aon teorainn
(l) Seirbhísí pacáistithe (CPC 876)	Gan aon teorainn
(m) Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa, seirbhísí gníomhaireachta bailithe (CPC 87901, 87902)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de ES, LV agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí gníomhaireachta bailithe agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa.
(o) Seirbhísí freagartha teileafóin (CPC 87903)	Gan aon teorainn

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(p) Seirbhísí dúblála (CPC 87904)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí dúblála.
(q) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Tá conradh leis an Aireacht Gnóthaí Eachtracha ina cheanglas le haghaidh aistriúcháin oifigiúla arna soláthar ag gníomhaireachtaí aistriúcháin. In CY: Is gá clárú i gClárlann na n-aistritheoirí chun seirbhísí oifigiúla aistriúcháin agus deimhniúcháin a sholáthar. In HU: Ní sholáthróidh ach Oifig Aistriúcháin agus Deimhniúcháin na hUngáire (OFFI) aistriúcháin oifigiúla, deimhnithe oifigiúla ar aistriúcháin, agus cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid oifigiúla i dteangacha eachtracha. In PL: Ní bheidh ach daoine nádúrtha ina n-aistritheoirí faoi bhrí mionna.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann aistriúcháin agus ateangaireachta ar dhoiciméid oifigiúla.
(r) Seirbhísí tiomsaithe liosta seoltaí agus poist (CPC 87906)	Gan aon teorainn
(s) Seirbhísí deartha speisialtachta (CPC 87907)	Gan aon teorainn
(t) Seirbhísí gnó eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (CPC 87909)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In SE: Deimhneoidh beirt an plean eacnamaíoch le haghaidh cumann foirgníochta. Déanfaidh údaráis in LEE na daoine sin a fhormheas go poiblí.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In SE: Bunófar tithe gill mar chuideachta faoi dhliteanas teoranta nó mar bhrainse.
(u) Seirbhísí deisiúcháin a bhaineann le táirgí, innealra agus trealamh miotail (CPC 886 seachas 8868)	Gan aon teorainn
(v) Cothabháil agus deisiú soithí, trealamh iompair iarnróid agus aerárthaí agus páirteanna díobh (Cuid de CPC 86764, 86769, 8868)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AE, cé is moite de DE, EE agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealamh iompair ó lasmuigh dá críoch. San Aontas Eorpach, cé is moite de CZ, EE, HU, LU agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin soithí iompair ar uiscebhealaí inmheánacha ó lasmuigh dá críoch. San Aontas Eorpach, cé is moite de EE, HU agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin soithí muirí ó lasmuigh dá críoch. San Aontas Eorpach, cé is moite de AT, EE, HU, LV agus PL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin aerárthaí agus páirteanna díobh ó lasmuigh dá críoch (Cuid de CPC 86764, 86769, 8868). San Aontas Eorpach: Ní dhéanfaidh ach eagraíochtaí aitheanta atá údaraithe san Aontas suirbhéanna reachtúla agus deimhniú long thar ceann na mBallstát. Féadfaidh bunaíocht a bheith ina ceanglas.
(o) Seirbhísí Gnó Eile (cuid de CPC 88493, cuid de 893, ISIC 37)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In NL: Faoi láthair, deonaítear tagarmharcáil míreanna miotail lómhair go heisiach do dhá mhonaplacht phoiblí Dhúitseacha (cuid de CPC 893). In CZ: Ní cheadaítear do chuideachta pacáistithe údaraithe ach seirbhísí a sholáthar a bhaineann le pacáistiú a thógáil ar ais agus a aisghabháil agus beidh sí ina duine dlítheanach arna bhunú mar chuideachta comhstoic (CPC 88493, ISIC 37).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-8 – Seirbhísí Cumarsáide	
(a) Seirbhísí poist agus cúiréireachta (cuid de CPC 71235, cuid de CPC 73210, cuid de 751)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: AE: féadfar eagrú suíomh do bhoscaí litreacha ar an mórbhealach poiblí, eisiúint stampaí poist agus soláthar na seirbhíse poist cláraithe a úsáidtear le linn nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin a shrianadh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Féadfar córais cheadúnaithe a bhunú le haghaidh na seirbhísí sin dá bhfuil oibleagáid seirbhíse uilíche i bhfeidhm. Féadfar na ceadúnais sin a bheith faoi réir oibleagáidí seirbhíse uilíche áirithe nó ranníocaíocht airgeadais le ciste cúitimh.
(b) Teileachumarsáid (CPC 752, 753, 754)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-9 – Foirgníocht (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518)	Gan aon teorainn

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-10 – Seirbhísí Dáileacháin	
(a) Seirbhísí Dáileacháin (CPC 3546, 631, 632 seachas 63211, 63297, 62276, cuid de 621)	Maidir le hInfheistíocht: In PT: Tá scéim shonrach um údarú ann le haghaidh bunaíochtaí miondíola agus ionaid siopadóireachta áirithe a bhunú. Baineann sé sin le hionaid siopadóireachta ina bhfuil olllimistéar inléasaithe ar mhéid 8 000 m², nó níos mó, agus le bunaíochtaí miondíola a bhfuil limistéar díolacháin acu ar mhéid 2 000 m², nó níos mó, nuair atá siad lonnaithe lasmuigh d'ionaid siopadóireachta. Na príomhchritéir: rannchuidiú le hiliomad tairiscintí tráchtála; measúnú ar sheirbhísí do thomhaltóirí, cáilíocht na fostaíochta agus freagracht shóisialta chorporáideach, comhtháthú sa timpeallacht uirbeach agus rannchuidiú le héiceífeachtúlacht (CPC 631, 632 seachas 63211, 63297).
(b) Dáileadh earraí cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh táirgí cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh trasteorann mórdhíola cógaisíochta (CPC 62251).
(b) Dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929). In SE: Tá monaplacht rialtais ag Systembolaget AB ar dhíolachán miondíola deochanna meisciúla, fíona agus beorach (seachas beoir neamh-mheisciúil). Is deochanna iad deochanna meisciúla ina bhfuil an cion alcóil os cionn 2,25 faoin gcéad den toirt. Cion alcóil de níos mó ná 3,5 faoin gcéad de réir toirte, sin an teorainn do bheoir (cuid de CPC 631).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(c) Dáileadh tobac (cuid de CPC 6222, 62228, cuid de 6310, 63108)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AT: ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha iarratas a dhéanamh ar údarú chun oibriú mar thobacadóir (CPC 63108). In ES: Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha oibriú mar thobacadóir. Ní bhfaighidh tobacadóir níos mó ná aon cheadúnas amháin (CPC 63108). Tá monaplacht stáit ann ar mhórdhíol tobac. In FR: Monaplacht stáit ar mhórdhíol agus ar mhiondhíol tobac (cuid de CPC 6222, cuid de 6310). In IT: Tá ceadúnas ina cheanglas chun tobac a dháileadh agus a dhíol. Deonaítear an ceadúnas trí nósanna imeachta poiblí. Tá deonú ceadúnas faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: daonra agus dlús geografach na bpointí díola atá ann cheana (cuid de CPC 6222, cuid de 6310).
(d) Dáileadh agus miondhíol breoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha agus táirgí gaolmhara (CPC 613, 62271, 63297)	Maidir le hInfheistíocht: In CY: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí miondhíolacháin breosla mótaí, leictreachais agus gáis neamhbhuidéalaithe a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine nádúrtha nó duine dhlítheanach de chuid tíre nach tír den Aontas Eorpach í ina bhfuil breis agus 5 faoin gcéad d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Neamhcheangailte i ndáil le miondhíol trasteorann ola breosla agus gáis bhuidéalaithe seachas trí phostdhíol.
(e) Dáileadh eile (cuid de CPC 621, 62228, 62251, cuid de CPC 62272, 62276, 63108, cuid de CPC 6329)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí a sholáthraíonn bróicéirí tráchtearraí, dáileadh mórdhíola táirgí ceimiceacha, miotal agus cloch lómhar, substaintí leighis agus táirgí agus míreanna le haghaidh úsáid leighis; tobac agus táirgí tobac agus deochanna alcólacha.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-11 – Seirbhísí Oideachais (CPC 92) (Seirbhísí arna gcistiú go príobháideach amháin)	
	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: I gcás ina gceadaítear seirbhísí oideachais a sholáthar arna gcistiú go príobháideach ag soláthraí eachtrach, is féidir go mbeidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa chóras oideachais faoi réir lamháltais arna leithdháileadh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí oideachais eile (CPC 929). In SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthróirí seirbhísí oideachais atá formheasta ag údaráis phoiblí chun oideachas a chur ar fáil. Baineann an forchoimeádas seo le soláthróirí seirbhísí oideachais a chistítear go príobháideach agus a fhaigheann leagan éigin de thacaíocht Stáit, amhail soláthróirí seirbhísí oideachais a aithníonn an Stát, soláthróirí seirbhísí oideachais faoi mhaoirseacht an Stáit nó oideachas a thugann teidlíocht chun tacaíocht staidéir a fháil (CPC 92). In CY, FI, MT agus RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí bunoidheachais, meánoidheachais agus oideachais aosaigh a chistítear go príobháideach (CPC 921, 922, 924). In AT, BG, CY, FI, MT agus RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ardoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 923).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In AT: Chun seirbhísí oideachais arna gcistiú go príobháideach ar an leibhéal ollscoile a sholáthar i réimse na n-eolaíochtaí feidhmeacha, tá údarú ón údarás inniúil, an Chomhairle Ardoideachais (Fachhochschulrat), ina cheanglas. Maidir le hinfheisteoir atá ag iarraidh clár staidéir san eolaíocht fheidhmeach a sholáthar, ní mór go mbeadh soláthar na gclár sin mar phríomhghnó acu, agus ní mór dó measúnú riachtanas agus suirbhé margaidh a chur isteach chun go nglacfaí leis an gclár staidéir atá beartaithe. Diúltóidh an Aireacht inniúil d'údarú i gcás ina gcinntear go bhfuil an clár ar neamhréir le leasanna oideachais náisiúnta. Tá údarú ón údarás inniúil (Comhairle Creidiúnaithe na hOstaire) ina cheanglas don iarratasóir ar ollscoil phríobháideach. Féadfaidh an Aireacht inniúil diúltú don fhaomhadh mura gcloíonn cinneadh an údaráis chreidiúnaithe le leasanna oideachais náisiúnta (CPC 923). In MT: Ní mór do sholáthróirí seirbhíse atá ag iarraidh seirbhísí ardoideachais nó oideachais aosaigh arna gcistiú go príobháideach a sholáthar ceadúnas a fháil ón Aireacht Oideachais agus Fostaíochta. Féadfaidh an cinneadh faoi cibé acu ceadúnas a eisiúint nó gan é a eisiúint a bheith roghnach (CPC 923, 924).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Ní fhéadfaidh ach fiontair Bhulgáracha údaraithe seirbhísí bunoidheachais agus meánoidheachais arna gcistiú go príobháideach a sholáthar, agus tá láithreachth thráchtálach ina ceanglas ina leith. In BG, IT agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí bunoidheachais a chistítear go príobháideach (CPC 921). In BG agus IT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí meánoidheachais a chistítear go príobháideach (CPC 922). In AT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí oideachais aosaigh arna gcistiú go príobháideach trí chraoltóireacht raidió nó teilifíse (CPC 924).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In ES agus IT: Tá údarú ina cheangal chun ollscoil arna cistiú go príobháideach a oscailt a eisíonn dioplómaí nó céimeanna aitheanta. Tá tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm. Príomhchritéir: daonra agus dlús na mbunaíochtaí atá ann cheana. In ES: Is éard atá i gceist leis an nós imeachta comhairle a fháil ón bParlaimint. In SK: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm, agus féadfaidh údarais áitiúla an líon scoileanna atá á mbunú a theorannú, maidir le soláthraithe na seirbhísí oideachais uile atá á gcistiú go príobháideach seachas seirbhísí teicniúla agus gairmoideachais iarmheánscoile (CPC 921, 922, 923 seachas 92310, 924). In EL: Ní sholáthróidh ach institiúidí ar daoine dlítheanacha iad atá féinrialaithe go hiomlán de réir an dlí phoiblí oideachas ar an leibhéal ollscoile.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-12 – Seirbhísí Comhshaoil (CPC 9401, 9402, 9403, 9406)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí bainistithe dramhaíola seachas seirbhísí comhairleacha, agus i ndáil le seirbhísí a bhaineann le cosaint ithreach agus le bainistiú ithreacha éillithe, seachas seirbhísí comhairleacha.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-13 – Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta (Seirbhísí arna gcistiú go príobháideach amháin)	
Seirbhísí sláinte – seirbhísí ospidéal, otharchairr agus sláinte cónaithe (CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199)	Maidir le hInfheistíocht agus Seirbhísí Trasteorann: San Aontas Eorpach: An rannpháirtíocht oibreoirí sa líonra sláinte atá á mhaoiniú go príobháideach, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir lamháltais ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua. In AT, SI agus PL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí otharchairr a chistítear go príobháideach (CPC 93192). In BG, CY, CZ, FI, MT agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ospidéal, seirbhísí otharchairr, agus seirbhísí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéal (CPC 9311, 93192, 93193). In BE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar agus bunú seirbhísí otharchairr agus seirbhísí saoráidí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéal (CPC 93192, 93193). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí eile sláinte daonna (CPC 93199). In DE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar Chóras Slándála Sóisialta DE, i gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, nach seirbhísí iad atá á ndéanamh go heisiach chun údarás rialtais a fheidhmiú.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In DE: Is iad na Länder a dhéanann seirbhísí tarrthála agus seirbhísí otharchairr cáilithe a eagrú agus a rialáil. Déanann an chuid is mó de na Länder inniúlachtaí i réimse na seirbhísí tarrthála a tharmligean do bhardais. Ceadaítear do bhardais tosaíocht a thabhairt d'oibreoirí neamhbhrabúis. Tá seirbhísí otharchairr faoi réir pleanála, ceada agus creidiúnaithe. Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh dochtúir i láthair go fisiceach roimhe sin. Féadfar líon na soláthróirí seirbhíse teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a theorannú chun idir-inoibritheacht, comhoiriúnacht agus caighdeáin sábháilteachta riachtanacha a ráthú. In SI: Coimeádtar monaplacht stáit do na seirbhísí seo a leanas: Soláthar fola, ullmhúcháin fola, baint agus caomhnú orgán daonna um aistriú, seirbhísí sochmhíochaine, sláinteachais, eipidéimeolaíochta agus seirbhísí éiceolaíochta-sláinte, seirbhísí pata-anatamaíochta, agus giniúint le cúnamh bithleighis (CPC 931).
	Maidir le hInfheistíocht: In DE: Neamhcheangailte i ndáil le húinéireacht ospidéal a chistítear go príobháideach agus atá á reáchtáil ag Fórsaí na Gearmáine. In DE: Neamhcheangailte i ndáil le náisiúnú ospidéal ríthábhachtach eile a chistítear go príobháideach. (CPC 93110) In FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí AE, níl rochtain ag infheisteoirí neamh-AE ach ar fhoirmeacha dlíthiúla SELAS (<i>société d'exercice liberal</i>) agus SCP (<i>société civile professionnelle</i>). Le haghaidh seirbhísí leighis, fiacloireachta agus cnáimhseach agus seirbhísí ag altraí, soláthar trí SEL (<i>société d'exercice liberal</i>) (anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions) nó SCP amháin. Le haghaidh seirbhísí ospidéil agus otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil agus seirbhísí sóisialta, tá údarú riachtanach chun feidhmeanna bainistíochta a chleachtadh. Cuirtear san áireamh sa phróiseas údarúcháin bainisteoirí áitiúla a bheith ar fáil.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne a chistítear go príobháideach (Cuid de CPC 9311).
Seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AE, cé is moite de HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí sláinte ó lasmuigh dá gcríoch, soláthar trasteorann seirbhísí sóisialta ó lasmuigh dá gcríoch, chomh maith le gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiacloirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, atá cumhdaithe ag forchoimeádais eile (CPC 931 seachas 9312, cuid de 93191). In HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann gach seirbhíse ospidéil, seirbhíse otharchairr agus seirbhíse sláinte cónaithe ó lasmuigh dá críoch cé is moite de sheirbhísí ospidéil, a fhaigheann cistiú poiblí (CPC 9311, 93192, 93193).
Seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra sóisialta arna chistiú go príobháideach a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua. In CZ, FI, HU, MT, PL, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí sóisialta a chistítear go príobháideach.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In BE, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí sóisialta a chistítear go príobháideach cé is moite de sheirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus le hárais seanóirí. In DE: Neamhcheangailte i ndáil le Córas Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh nach dtiocfaidís faoin sainmhíniú maidir le seirbhísí atá á ndéanamh go heisiach chun údarás rialtais a fheidhmiú.
	I ndáil le hInfheistíocht amháin: In HR: D'fhéadfadh sé go mbeadh bunú roinnt saoráidí cúraim shóisialta arna gcistiú go príobháideach faoi réir teorainneacha bunaithe ar riachtanais i limistéir gheografacha áirithe (CPC 9311, 93192, 93193, 933).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-14 – Seirbhísí Turasóireachta agus Seirbhísí a bhaineann le Taisteal	
	Maidir le hInfheistíocht: In BG: Tá corprú ina cheanglas (gan bhraintí) (CPC 7471, 7472).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-15 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt	
(a) Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, iarsmalainne agus seirbhísí cultúrtha eile (CPC 963)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: An tAontas Eorpach, cé is moite de AT agus, a mhéid a bhaineann le hinfeistíocht, in LT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim, agus seirbhísí cultúrtha eile. In AT agus LT: féadfaidh ceadúnas nó lamháltas a bheith ina cheanglas chun iad a bhunú.
(b) Seirbhísí siamsaíochta, amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619, 964 seachas 96492)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó. In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar na seirbhísí siamsaíochta seo a leanas: seirbhísí sorcais, páirce siamsaíochta agus tarraingtí eile cosúil leo, seirbhísí bálseomra, dioscó agus teagascóra rince agus seirbhísí siamsaíochta eile. In EE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta eile, cé is moite de sheirbhísí pictiúrlainne. In LT agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta uile ach amháin i gcás seirbhísí oibriúcháin pictiúrlainne.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de AT agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó.
(c) Seirbhísí gníomhaireachta nuachta (CPC 962)	Gan aon teorainn

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(d) Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta (CPC 96492)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de MT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gníomhaíochtaí cearrbhachais, a bhaineann le geall a chur a bhfuil luach airgid air i gcluichí seans, lena n-áirítear i gcrannchuir áirithe, scríobcháirte, seirbhísí cearrbhachais arna dtairiscint i gcaseáin, in árais siamsaíochta cearrbhachais nó in áitribh cheadúnaithe, seirbhísí gealltóireachta, seirbhísí biongó agus seirbhísí cearrbhachais arna n-oibriú ag carthanais nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus lena leas. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir le cluichí scile, meaisíní cearrbhachais nach dtugann duaiseanna nó a thugann duaiseanna ach iad a bheith i bhfoirm cluichí saor in aisce, nó cluichí fógraíochta, arb é an t-aon chuspóir leo díol earraí nó seirbhísí nach gcumhdaítear leis an eisiamh seo a spreagadh.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-16 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair	
(a) Iompar mhuirí (i) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí (CPC 7211 seachas iompar cabatáiste náisiúnta) (ii) Iompar idirnáisiúnta lasta (CPC 7212 seachas iompar cabatáiste náisiúnta)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, seachas LV agus MT: Neamhcheangailte i ndáil le soitheach a chlárú agus cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta (gach gníomhaíocht mhuirí tráchtála a dtugtar fúithi ó long mhuirghabhála, lena n-áirítear iascaireacht, dobharshaothrú, agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht; iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta (CPC 721); agus seirbhísí cúnta iompair mhuirí). In MT: Tá cearta eisiacha ann don nasc mhuirí le móirthír na hEorpa trí IT le MT (CPC 7213, 7214, cuid de 742, 745, cuid de 749). In BG: Cuirtear seirbhísí ar fáil do shoithí gan fhoireann i bpoirt na Bulgáire agus ar an Danóib trí fhiontair Bhulgáracha amháin (tá corprú ina cheanglas). D'fhéadfadh sé go mbeadh teorainn le líon na soláthróirí seirbhíse sna calafoirt ag brath ar acmhainn oibiachtúil an chalafoirt, rud a chinneann coimisiún saineolaithe arna bhunú ag an Aire Iompair, Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. (ISIC 0501, 0502, CPC 5133, 5223, 721, 722, 74520, 74540, 74590, 882). Maidir le seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar poiblí a chuirtear ar fáil i gcalafoirt de chuid na Bulgáire a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, is trí chonradh lamháltais a dheonaítear an ceart chun gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéanamh. I gcalafoirt a bhfuil tábhacht réigiúnach leo, is trí chonradh le húinéir an chalafoirt a dheonaítear an ceart sin (CPC 74520, 74540 agus 74590).
(b) Seirbhísí cúnta iompair mhuirí agus iompair d'uiscebhealaí intíre	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí píolótaíochta agus calaithe. An tAontas Eorpach, cé is moite de LT agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí brú agus tarraingthe (CPC 7452). In BE: Ní fhéadfaidh ach oibrithe creidiúnaithe, atá incháilithe chun oibriú i limistéir chalafoirt arna sainiú le foraithe ríoga, seirbhísí láimhseála lasta a oibriú (CPC 741).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In EL: Forchuirtear monaplacht phoiblí i limistéir chalafoirt maidir le seirbhísí láimhseála lasta (CPC 745). In LT: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha LT nó daoine dlítheanacha Ballstáit den Aontas Eorpach ag a bhfuil brainsí in LT a bhfuil deimhniú acu arna eisiúint ag Riarachán Sábháilteachta Muirí na Liotuáine seirbhísí píolótaíochta agus calaithe, brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7452).
(c) Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar paisinéirí agus lasta d'iarnród (CPC 711). In LT: Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe trealamh iompair d'iarnród faoi réir monaplacht stáit (CPC 86764, 86769, cuid de 8868). In SE: Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do threalamh iompair d'iarnróid faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch nuair a bheartaíonn infheisteoir a chuid saoráidí bonneagair críochoir féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 86764, 86769, cuid de 8868).
(d) Iompar de bhóthar (seirbhísí iompair paisinéirí, seirbhísí iompair lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta) agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar de bhóthar (seirbhísí iompair paisinéirí, seirbhísí iompair lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta). Maidir le hInfheistíocht: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le cabatáiste laistigh de Bhallstát arna dhéanamh ag infheisteoirí eachtracha atá bunaithe i mBallstát eile (CPC 712). San Aontas Eorpach: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm maidir le seirbhísí tacsáí san Aontas, lena leagfar síos teorainn le líon na soláthróirí seirbhíse. Príomhchritéir: éileamh áitiúil dá bhforáiltear sna dlíthe is infheidhme (CPC 71221).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In AT: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach amháin do náisiúnaigh na mBallstát agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas (CPC 712). In BE: Féadfar líon uasta ceadúnas a shocrú de réir dlí (CPC 71221). In BG: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe a dheonú ach amháin do náisiúnaigh Ballstáit agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach. Tá corprú ina cheanglas (CPC 712). In ES: Maidir le hiompar paisinéirí, tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoi CPC 7122. Príomhchritéar: éileamh áitiúil. Tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua. In FR: Ní cheadaítear d'infheisteoirí neamh-AE seirbhísí bus idirchathrach a sholáthar (CPC 712). In IE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús an daonra, an raon geografach, an tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua (CPC 7121, 7122). In IT: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sheirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sheirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí iompair lasta. Príomhchritéar: éileamh áitiúil (CPC 712).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In LV: Maidir le seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta, is gá údarú a bheith ann, agus ní chumhdaítear leis an údarú sin feithiclí atá cláraithe thar lear. Ceanglaítear ar eintitis bhunaithe feithiclí atá cláraithe go náisiúnta a úsáid (CPC 712). In MT: Le haghaidh seirbhísí bus poiblí: Tá an líonra iomlán faoi réir lamháltais lena n-áirítear comhaontú maidir le hOibleagáid Seirbhíse Poiblí chun freastal ar earnálacha sóisialta áirithe (amhail mic léinn agus daoine scothaosta) (CPC 712). In MT: Maidir le tacsaithe, tá feidhm ag srianta uimhriúla ar líon na gceadúnas. I gcás Karozzini (cóistí capaill), tá srianta uimhriúla i bhfeidhm maidir leis an líon ceadúnas (CPC 712). In PT: Maidir le hiompar paisinéirí, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús an daonra, an raon geografach, an tionchar a d'imreofaí ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua (CPC 712). In SK: Le haghaidh iompar lasta, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm. Príomhchritéir: éileamh áitiúil (CPC 712). In SE: Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do threalamh iompair de bhóthar faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch nuair a bheartaíonn infheisteoir a chuid saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 86764, 86769, cuid de 8867). In SE: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, tá gá le ceadúnas Sualannach.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, ach amháin nach bhféadfaidh oibreoirí seirbhísí lasta bóthair agus iompair paisinéirí bóthair, mar riail ghinearálta, ach feithiclí a úsáid atá cláraithe sa chlárann náisiúnta tráchta bóithre. I gcás ina bhfuil feithicil cláraithe thar lear, agus faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil a phríomháit chónaithe thar lear agus má thógtar chun SE í le húsáid go sealadach, féadfar an feithicil a úsáid go sealadach in SE. Is gá oibreoirí seirbhísí trasteorann um iompar lasta de bhóthar agus um iompar paisinéirí de bóthar a bheith ceadúnaithe le haghaidh na n-oibríochtaí sin ag an údarás inniúil sa tír ina bhfuil siad bunaithe. Féadfar ceanglais bhreise um thrádáil trasteorann a rialáil i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le hiompar de bhóthar. Le haghaidh feithiclí nach bhfuil feidhm ag aon chomhaontú déthaobhach ina leith, tá gá le ceadúnas ó Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne chomh maith (CPC 712).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí tacaíochta d'iompar de bhóthar (CPC 744).
(e) Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair (CPC 7461, 7469, 83104)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: I gcás seirbhísí láimhseála ar an talamh, féadfar go mbeidh bunú laistigh den Aontas ina cheanglas. Leibhéal oscailteachta na seirbhísí láimhseála ar an talamh, braitheann sé ar mhéid an aerfoirt. Féadfar teorainn a chur leis an líon soláthróirí i ngach aerfort. I gcás aerfoirt mhóra, ní fhéadfaidh an teorainn sin a bheith níos lú ná dhá sholáthróir. Maidir le hInfheistíocht: In PL: Le haghaidh seirbhísí stórála earraí reoite nó cuisnithe agus seirbhísí bulcstórála leachtanna nó gás ag aerfoirt, beidh an fhéidearthacht catagóirí áirithe seirbhíse a sholáthar ag brath ar mhéid an aerfoirt. Féadfar an líon soláthróirí i ngach aerfort a theorannú mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil, agus do líon nach lú ná dhá sholáthróir ar chúiseanna eile (Cuid de CPC 742).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(f) Spásiompar agus spásárthaí ar cíós	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí iompair tríd an spás agus spásárthaí a fháil ar cíós (CPC 733, cuid de 734).
(g) Seirbhísí Iompair Traschórais a Sholáthar	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Cé is moite de FI: ní fhéadfaidh ach tarlóirí atá bunaithe i mBallstát a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rochtain ar an ngairm agus maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh earraí a iompar idir na Ballstáit, i gcomhthéacs oibríocht iompair chomhcheangailte idir na Ballstáit, ní fhéadfaidh siad céimeanna tosaigh nó céimeanna deiridh d'iompar de bhóthar a dhéanamh, ar céimeanna iad atá ina gcuid dhílis den oibríocht iompair chomhcheangailte, bíodh trasnú teorann ar áireamh leo nó ná bíodh. Tá feidhm ag teorainneacha a dhéanann difear d'aon mhodh iompair ar leith. Féadfar bearta riachtanacha a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar na cánacha mótarfheithicle is infheidhme maidir le feithiclí bóthair arna ródú in iompar traschórais a laghdú nó a aisíoc (CPC 711, 712, 7212, 7222, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-17 – Talmhaíocht, iascaireacht, uisce, monaraíocht	
(a) Talmhaíocht, fiach, foraoiseacht agus seirbhísí a bhaineann leis an talmhaíocht, le fiach agus le foraoiseacht (ISIC 01, 02, CPC 881)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HR: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus fiaigh. In HU: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta (ISIC 011, 012, 013, 014, 015, CPC 8811, 8812, 8813 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleachta). In PT: Coimeádtar gairm an agramaim do dhaoine nádúrtha (CPC 881).
	Maidir le hInfheistíocht: In FI: Féadfar cearta eisiacha a dheonú chun bheith i d'úinéir réinfhianna agus chun feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh (ISIC 014). In FR: Tá bunú feirmeacha agus comharchumann talmhaíochta ag infheisteoirí neamh-AE faoi réir údaraithe. Is gá údarú a fháil roimh ré chun bheith mar bhall de chomharchumann talmhaíochta nó gníomhú mar stiúrthóir air (ISIC 011, 012, 013, 014, 015). In SE: Ní fhéadfaidh ach daoine den phobal Sámach a bheith ina n-úinéirí réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh (ISIC 014).
(b) Iascaireacht, dobharshaothrú agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht (ISIC 05, CPC 882)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Go háirithe laistigh de chreat an Chomhbheartais Iascaigh, agus comhaontuithe iascaireachta le tríú tír, rochtain ar na hacmhainní bitheolaíocha agus na meána atá suite in uiscí muirí a thagann faoi cheannasacht nó laistigh de dhlínsí na mBallstát, agus a n-úsáid, lena n-áirítear: (a) rialáil a dhéanamh ar thabhairt i dtír gabhálacha éisc a dhéantar sna fochuótaí arna leithdháileadh ar shoithí de chuid Mheicsiceo nó tríú tír i gcalafóirt an Aontais; (b) an t-íosmhéid a chinneadh le haghaidh fiontair chun soithí iascaireachta ceardaíochta agus cósta araon a chaomhnú; nó (c) cóir dhifreálach a thabhairt do Mheicsiceo nó do thríú tír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le hiascach.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(c) Bailiú, íonú agus dáileadh uisce (ISIC 41)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le bailiú, íonú agus dáileadh uisce d'úsáideoirí tí, úsáideoirí tionsclaíocha, úsáideoirí tráchtála nó eile, lena n-áirítear soláthar uisce óil, agus bainistiú uisce.
(d) Monarú táirgí bia agus deochanna (ISIC 15)	Maidir le hInfheistíocht: In IE: Maidir le gníomhaíochtaí muilleoireachta plúir, tá bunaíocht cónaitheoirí eachtrannacha faoi réir údaraithe (ISIC 1531).
(e) Monaraíocht (ISIC 16, 17, 18, 19, 20, 21)	Gan aon teorainn
(f) Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta (ISIC 22, CPC 88442)	Maidir le hInfheistíocht: In LV: Níl sé de cheart ach ag daoine dlítheanacha atá corpraithe in LV agus daoine nádúrtha LV meáin ollchumarsáide a bhunú agus a fhoilsiú. Níl brainsí ceadaithe.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Is gá eagarthóir freagrach (ainm agus seoladh iomlán duine nádúrtha) a shonrú i ngach nuachtán, iris nó tréimhseachán a scaiptear nó a phriontáiltear go poiblí. Féadfar a cheangal gur buanchónaitheoir de chuid na Gearmáine, an Aontais, nó tíre LEE a bheidh san eagarthóir freagrach. Féadfaidh Aire Gnóthaí Baile na Cónaidhme eisceachtaí a cheadú (ISIC 22). In SE: Daoine nádúrtha atá ina n-úinéirí ar thréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear in SE, is gá go mbeadh cónaí orthu in SE nó go mbeidís ina náisiúnaigh de Bhallstát de LEE. Úinéirí na dtréimhseachán sin ar daoine dlítheanacha iad, ní mór dóibh a bheith bunaithe in LEE. Tréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear sa tSualainn agus taifid theicniúla, is gá dóibh eagarthóir freagrach a bheith acu, agus is gá don duine sin sainchónaí a bheith air in SE.
(g) Monaraíocht (ISIC 23, 24, 25, 26, 27, 28, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, 37)	Gan aon teorainn

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-18 – Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh	
(a) An mhianadóireacht agus an cairéalú (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 5115, 7131, 8675, 883)	Maidir le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In IT: Tá rialacha sonracha maidir le taiscéalaíocht agus mianadóireacht i bhfeidhm maidir le mianaigh ar leis an Stát iad. Sula ndéantar aon ghníomhaíocht taiscéalaíochta, tá gá le cead um thaiscéalaíocht (<i>permesso di ricerca, Article 4 of Regio Decreto 29 luglio 1927, n. 1443/1927, “Norme di carattere legislativo per disciplinare la ricerca e la coltivazione delle miniere nel Regno”</i>) (Foraithne Ríoga Uimh. 1443/1927). Tá fad ar leith ag gabháil leis an gcead sin, sainítear leis go beacht teorainneacha na talún a bhfuil taiscéalaíocht á déanamh uirthi agus féadfar níos mó ná cead taiscéalaíochta amháin a dheonú don limistéar céanna do dhaoine nó cuideachtaí difriúla (níl sé riachtanach go mbeadh an cineál sin ceadúnais eisiach). Chun mianraí a shaothrú, tá údarú (<i>concessione</i>, Airteagal 14 d’Fhoraithne Ríoga Uimh. 1443/1927 agus Airteagal 34 d’Fhoraithne Reachtach Uimh. 112/1998) ón údarás réigiúnach ina cheanglas (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 8675, 883). In FI: Acmhainní mianra a thaiscéaladh agus a shaothrú, tá sé faoi réir ceanglas ceadúnaithe a dheonaíonn an rialtas maidir le mianadóireacht ábhair núicléach. Tá cead fuascailte ón rialtas don limistéar mianadóireachta ina cheangal. Féadfar cead a dheonú do dhuine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó duine dlítheanacha atá bunaithe in LEE. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm (ISIC 12, CPC 5115, 883, 8675). In IE: Ceanglaítear ar chuideachtaí taiscéalaíochta agus mianadóireachta atá ag oibriú in IE láithreach a bheith acu ansin. I gcás taiscéalaíocht mianraí, tá ceangal ann go n-úsáidfeadh cuideachtaí (Éireannacha agus eachtrannacha) seirbhísí gníomhaire, é sin nó seirbhísí bainisteora chónaithigh taiscéalaíochta, in IE agus an obair á déanamh. I gcás na mianadóireachta, tá sé ina cheanglas go mbeadh léas nó ceadúnas mianadóireachta stáit i seilbh cuideachta atá corpraithe in IE. Níl aon srian ann maidir le húinéireacht cuideachta den sórt sin (ISIC 10, 13, 14, CPC 883).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le hInfheistíocht: In BE: tá taiscéalaíocht acmhainní mianra agus acmhainní neamhbheo eile in uiscí críche agus ar an scairbh ilchríochach agus saothrú na n-acmhainní sin faoi réir lamháltais. Is gá don lamháltóir seoladh le haghaidh seirbheála a bheith aige in BE (ISIC 14). Fiontair eachtracha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír atá freagrach as níos mó ná 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, féadfar toirmeasc a chur orthu rialú a fháil ar an ngníomhaíocht. Tá corprú ina cheanglas (gan bhrainsí) (ISIC 10, 1110, 13, 14). In BG: Gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le saothrú nó úsáid réadmhaoine Stáit nó poiblí, tá siad faoi réir lamháltais a dheonaítear faoi fhorálacha Acht na Lamháltas nó faoi dhlíthe speisialta eile maidir le lamháltais. Sirtheoireacht agus taiscéalaíocht acmhainní nádúrtha faoi thalamh ar chríoch na Bulgáire, sa tseilf ilchríochach agus sa limistéar eacnamaíoch eisiach sa Mhuir Dhubh, tá na gníomhaíochtaí sin faoi réir cead, agus is gníomhaíochtaí iad an t-eastóscadh agus an saothrú atá faoi réir lamháltas a dheonaítear faoin Acht um Acmhainní Nádúrtha faoi Thalamh. Cuideachtaí atá cláraithe i ndlínsí fabhracha um chóireáil chánach (is é sin criosanna amach ón gcósta) nó atá gaolmhar, tá cosc orthu páirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, i nósanna imeachta oscailte maidir le ceadanna nó lamháltais um shirtheoireacht, taiscéalaíocht nó eastóscadh acmhainní nádúrtha a dheonú, lena n-áirítear mianta úráiniam agus tóiriam, agus tá cosc orthu chomh maith cead nó lamháltas a deonaíodh cheana a oibriú, ó tharla go bhfuil cosc ar na hoibríochtaí sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht fionnachtain gheolaíoch nó tráchtála fosaithe de thoradh taiscéalaíochta a chlárú.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Corparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an mBallstát nó ag bardas, ní féidir leo aon idirbheart a chur i gcrích chun sócmhainní seasta na corparáide a dhiúscairt, chun aon chonradh a chur i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, comhghníomhaíocht, creidmheas a éadail, sin agus infháltais a urrú, chomh maith le haon oibleagáid a thabhu a eascraíonn as billí malairte, ach amháin má dhéanann an Ghníomhaireacht um Phríobháidiú nó an chomhairle bhordasach, cibé acu is údarás inniúil, an méid sin a cheadú. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2 d’Airteagal 8.4 de Chinneadh Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire an 18 Eanáir 2012, le Cinneadh na Parlaiminte, tá cosc ar aon úsáid teicneolaíochta um scoilteadh hiodrálach, is é sin, fraiceáil ar mhaithe le sirtheoireacht ola agus gáis, lena dtaiscéalaíocht, nó lena n-eastóscadh. Tá cosc ar thaiscéalaíocht agus ar eastóscadh gáis scealla (ISIC 10, 11, 12, 13, 14). Tá cosc ar mhianadóireacht ar mhian úráiniam le Foraithe Chomhairle na n-Airí Uimh. 163 an 20 Lúnasa 1992. Maidir le mianadóireacht méine tóiriam, tá feidhm ag córas ginearálta na lamháltas le haghaidh mianadóireachta. Chun páirt a ghlacadh i lamháltais um mianadóireacht méine tóiriam, is gá cuideachta Mheicsiceo a bheith bunaithe de réir an Achta um Thráchtáil agus a bheith cláraithe sa Chlárlann Tráchtála. Cinntí chun mianadóireacht méine tóiriam a cheadú, déantar iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach de réir an cháis aonair. An toirmeasc ar chuideachtaí atá cláraithe i ndlínsí fabhracha um chóireáil cánach (is é sin criosanna amach ón gcósta) nó atá gaolmhar, páirt a ghlacadh go díreach nó go hindíreach i nósanna imeachta oscailte le haghaidh lamháltas maidir le mianadóireacht acmhainní nádúrtha, áirítear leis an toirmeasc sin mianta úráiniam agus tóiriam (ISIC 12).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In CY: Féadfaidh Comhairle na n-Airí, ar mhaithe le slándáil fuinnimh, diúltú rochtain a cheadú ar shirtheoireacht, ar thaiscéalaíocht agus ar shaothrú hidreacarbón nó cleachtadh na ngníomhaíochtaí sin a cheadú, d'aon eintiteas arna rialú go héifeachtach ag Meicsiceo nó ag náisiúnaigh Mheicsiceo. Ní fhéadfaidh aon eintiteas, tar éis údarú a bheith deonaithe dó chun gabháil do shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, teacht faoi rialú díreach ná indíreach Mheicsiceo ná náisiúnaigh Mheicsiceo gan formheas a fháil roimh ré ó Chomhairle na n-Airí. Féadfaidh Comhairle na n-Airí diúltú údarú um shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón a dheonú d'eintiteas arna rialú go héifeachtach ag Meicsiceo nó tríú tír, nó ag náisiúnach Mheicsiceo nó tríú tír, i gcás nach ndéanann Meicsiceo ná an tríú tír d'eintitis CY ná d'eintitis na mBallstát, i ndáil le rochtain ar na gníomhaireachtaí a bhaineann le shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón agus i ndáil le forfheidhmiú na ngníomhaíochtaí sin, cóir atá inchomparáide leis an gcóir a thugann CY nó an Ballstát d'eintitis Mheicsiceo nó don tríú tír sin (ISIC 1110). In SK: I gcás mianadóireachta, i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíocht mhianadóireachta agus gheolaíoch, tá corprú i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE (gan bhraintí) ina cheanglas (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 5115, 7131, 883 agus 8675).
8. Ní áirítear i Liosta Páirtí bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás nach teorannú córa náisiúnta iad de réir bhrí Airteagail 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó 11.6 (Cóir Náisiúnta), ná i gcás nach srian ar rochtain ar an margadh iad de réir bhrí Airteagail 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Na bearta sin, amhail an ceanglas ceadúnas a fháil, na hoibleagáidí seirbhíse uilíche, an ceanglas cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith faighte, an ceanglas pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena bhféadfaí scrúduithe teanga a áireamh, agus aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna nó limistéir chosanta, beidh feidhm acu in aon chás, fiú mura liostaítear iad.

9. Sna hearnálacha ina gcuireann an tAontas Eorpach tástálacha riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm, is é an príomhchritéar a bheidh iontu go ndéanfar measúnú ar staid ábhartha an mhargaidh sa Bhallstát nó sa réigiún ina soláthrófar an tseirbhís, lena n-áirítear maidir leis an líon soláthróirí seirbhísí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu.

10. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i Liosta an Aontais Eorpaigh:

AT an Ostair

BE an Bheilg¹

BG an Bhulgáir

CSS Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

¹ Chun críocha na bhforchoimeádas sa Bheilg, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

DK	an Danmhairg
EE	an Eastóin
LEE	an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
EL	an Ghréig
ES	an Spáinn
AE	an tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh
FI	an Fhionlainn ²
FR	an Fhrainc
HR	an Chróit
HU	an Ungáir
IE	Éire
IP	Gairmithe Neamhspleácha

² Chun críocha na bhforchoimeádas san Fhionlainn, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

IT	an Iodáil
LT	an Liotuáin
LU	Lucsamburg
LV	an Laitvia
MT	Málta
NL	an Ísiltír
PL	an Pholainn
PT	an Phortaingéil
RO	an Rómáin
SE	an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK an tSlóvaic

11. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an oibleagáid cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear léi, a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach, an ceanglas an chóir chéanna a dheonaítear i mBallstát do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Bhallstáit eile, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta), a leathnú chuig daoine nádúrtha nó fiontair Mheicsiceo, nó aon bheart arna ghlacadh de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLÉÁCHA

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha (CSS)

1. Faoi réir na gcoinníollacha i mír 2 agus an liosta de na forchoimeádais i mír 9, tugann an tAontas gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 12.6 (Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha) i dtaca leis an gcatagóir sin sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha seo a leanas:

- (a) seirbhísí dlí³;
- (b) seirbhísí cuntaíochta agus leabharchoimeádta;
- (c) seirbhísí comhairleacha cánach;
- (d) seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;
- (e) seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;

³ Maidir le forchoimeádas le haghaidh seirbhísí dlí a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II ag Ballstát i gcás dlí náisiúnta lena gcumhdaítear dlí an Aontais agus na mBallstát, tá feidhm aige freisin maidir leis an Iarscríbhinn seo.

- (f) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
- (g) seirbhísí taighde agus forbartha;
- (h) seirbhísí fógraíochta;
- (i) seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;
- (j) seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta;
- (k) seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla;
- (l) seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla;
- (m) cothabháil agus deisiú trealaimh i gcomhthéacs conartha seirbhíse iardhíola nó iar-léasa;
- (n) seirbhísí aistriúcháin;
- (o) seirbhísí foirgníochta;
- (p) obair imscrúdaithe láithreáin;

- (q) seirbhísí ardoideachais;
- (r) seirbhísí comhshaoil; agus
- (s) seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais.

2. Comhlíonfaidh CSS na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ní mór do dhaoine nádúrtha a bheith i mbun seirbhís a sholáthar ar bhonn sealadach mar fhostaithe de chuid fiontair a bhfuil conradh seirbhíse faighte aige, conradh nach faide ná 12 mhí;
- (b) i gcás daoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas Eorpach, ní mór na seirbhísí sin a bheith á dtairiscint acu mar fhostaithe an fhiontair a sholáthraíonn na seirbhísí le linn na bliana díreach roimh an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas Eorpach ar a laghad; ina theannta sin, ní mór do na daoine nádúrtha taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad a bheith acu⁴ san earnáil gníomhaíochta is ábhar don chonradh, ar an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas;
- (c) ní mór do dhaoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas an méid seo a leanas a bheith acu:
 - (i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach⁵; agus

⁴ A fuarthas tar éis lán-aois a bhaint amach.

⁵ Mura bhfuarthas an chéim nó an cháilíocht sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís, féadfaidh an Ballstát sin a mheas an bhfuil sí coibhéiseach le céim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

- (ii) cáilíochtaí gairmiúla chun gníomhaíocht a dhéanamh i gcás ina gceanglaítear sin le dlí an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís;
 - (d) níor cheart do dhaoine nádúrtha luach saothair a fháil as seirbhísí a sholáthar i gcríoch an Aontais seachas an luach saothair a íocfaidh an fiontar a fhostaíonn an duine nádúrtha; agus
 - (e) ní mó an líon daoine a chumhdaítear leis an gconradh seirbhíse ná mar is gá chun an conradh a chomhlíonadh, de réir mar a fhéadfar é a iarraidh le dlí an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís.
3. An rochtain a thugtar de bhun Airteagal 12.6 (Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha), ní bhaineann sí ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugtar teidlíocht léi chun teideal gairmiúil an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís a fheidhmiú.
4. Is tréimhse charntha nach faide ná 12 mhí in aon tréimhse 24 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, an fad incheadaithe fanachta le haghaidh soláthróirí seirbhísí conarthacha, agus is féidir síntí a chur leis faoi rogha an Aontais agus a Bhallstát.

Gairmithe Neamhspleácha (IP)

5. Faoi réir na gcoinníollacha i mír 6 agus an liosta de na forchoimeádais i mír 9, tugann an tAontas gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 12.7 (Gairmithe Neamhspleácha) i dtaca leis an gcatagóir sin sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha seo a leanas:

- (a) seirbhísí dlí⁶;
- (b) seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;
- (c) seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;
- (d) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
- (e) seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;
- (h) seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta; agus
- (i) seirbhísí aistriúcháin.

⁶ Maidir le forchoimeádas le haghaidh seirbhísí dlí a bhfuil tuairisc orthu in Iarscríbhinní I nó II ag Ballstát i gcás dlí náisiúnta lena gcumhdaítear dlí an Aontais agus dlí na mBallstát, tá feidhm aige freisin maidir leis an Iarscríbhinn seo.

6. Comhlíonfaidh IP na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ní mór do dhaoine nádúrtha a bheith i mbun seirbhís a sholáthar ar bhonn sealadach mar dhaoine féinfhostaithe atá bunaithe i Meicsiceo agus ní mór dóibh conradh seirbhíse a bheith faighte acu ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí;
- (b) ní mór do dhaoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas taithí ghairmiúil 6 bliana ar a laghad a bheith acu san earnáil gníomhaíochta is ábhar don chonradh, ar an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas;
- (c) ní mór do dhaoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas an méid seo a leanas a bheith acu:
 - (i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach;⁷ agus
 - (ii) cáilíochtaí gairmiúla chun gníomhaíocht a dhéanamh más ceanglas é sin sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís.

7. An rochtain a thugtar de bhun Airteagal 12.7 (Gairmithe Neamhspleácha), ní bhaineann sí ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugtar teidlíocht léi chun teideal gairmiúil an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís a fheidhmiú.

⁷ Mura bhfuarthas an chéim nó an cháilíocht sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís, féadfaidh an Ballstát sin a mheas an bhfuil an chéim seo coibhéiseach le céim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

8. Is tréimhse charntha nach faide ná 12 mhí in aon tréimhse 24 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, an fad incheadaithe fanachta le haghaidh gairmithe neamhspleácha, agus is féidir síntí a chur leis faoi rogha an Aontais agus a Bhallstáit.

9. Liosta na bhforchoimeádas

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-1 AE – Gach earnáil	Fad fanachta In AT: Is tréimhse charntha nach faide ná 6 mhí in aon tréimhse 12 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh sa tréimhse fanachta uasta le haghaidh CSS agus IP. In CY: Is tréimhse 6 mhí a fhéadfadh a athnuachan aon uair amháin go ceann tréimhse bhreise 6 mhí, nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh sa tréimhse fanachta uasta le haghaidh CSS agus IP. In BE, CZ, LT, MT agus PT: Is tréimhse nach faide ná 12 mhí charntha nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh sa tréimhse fanachta uasta le haghaidh CSS agus IP.
V-EU-2 Seirbhísí comhairleacha dlí maidir le dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí eachtrach (cuid de CPC 861)	CSS: In BG, CZ, DK, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SI agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In BE, BG, CZ, DK, EL, ES, FI, HU, IT, LT, MT, RO, SI agus SK: Tástálacha riachtanas eacnamaíoch.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-3 Seirbhísí cuntaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 86212 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219 agus 86220)	CSS: In BG, CZ, CY, DK, EL, FI, FR, HU, LT, LV, MT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-4 Seirbhísí cánachais (CPC 863)⁸	CSS: In BG, CY, CZ, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In PT: Neamhcheangailte.
V-EU-5 Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8671 agus 8674)	CSS: In AT (seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BG, CZ, DE, HU, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In FI: Ní mór do dhaoine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. IP: In AT (Seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, BG, CZ, DK, ES, HU, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.

⁸ Ní áirítear seirbhísí comhairleacha dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlí i ndáil le cúrsaí cánach, a thagann faoi sheirbhísí comhairleacha dlí maidir le dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na tíre baile.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuirisc ar na forchoimeádais
V-EU-6 Seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 8672 agus 8673)	CSS: In AT (Seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BG, CZ, DE, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In AT (Seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, BG, CZ, DK, ES, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-7 Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara (CPC 84)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch ach amháin i gcás tréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. IP: In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, HU, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. In HR: Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-8 Seirbhísí taighde agus forbartha (CPC 851, 852 seachas seirbhísí síceolaithe ⁹ , agus 853)	CSS: AE ach amháin in NL agus SE: Tá comhaontú óstála le heagraíocht taighde fhormheasta ina cheanglas ¹⁰ . In CZ, DK, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-9 Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	CSS: In AT, BG, CY, CZ, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-10 Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. IP: In AT, BE, BG, CZ, DK, ES, HR, HU, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-11 Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta (CPC 866)	CSS: In AT, BG, CY, CZ, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de sheirbhísí eadrána agus idir-réitigh (CPC 86602), agus sa chás sin: Neamhcheangailte.

⁹ Cuid de CPC 85201, a thagann faoi sheirbhísí leighis agus fiacloireachta.

¹⁰ I gcás na mBallstát uile seachas DK, le formheas na heagraíochta taighde agus an chomhaontaithe óstála, comhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos de bhun Threoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críoch taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonai, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (IO AE L 132, 21.5.2016, lch. 21).

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-12 Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí.
V-EU-13 Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	CSS: In AT, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BG: Neamhcheangailte. In DE (Suirbhéirí arna gceapadh go poiblí): Neamhcheangailte. In FR: (Oibríochtaí suirbhéireachta a bhaineann le cearta réadmhaoine a bhunú agus le dlí talún): Neamhcheangailte.
V-EU-14 Cothabháil agus deisiú táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí¹¹ i gcomhthéacs conartha seirbhíse iar-dhíolacháin nó iar-léasa (CPC 633, 7545, 8861, 8862, 8864, 8865 agus 8866)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, HU, IE, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Neamhcheangailte, ach amháin i gcomhthéacs conartha iardhíola nó iarléasa, agus sa chás sin tá fad an fhanachta teoranta do 6 mhí. Cothabháil agus deisiú earraí pearsanta agus tí (CPC 633): Tástáil riachtanas eacnamaíoch.

¹¹ Aicmítear seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin innealra agus trealaimh oifige lena n-áirítear ríomhairí (CPC 845) faoi sheirbhísí ríomhaireachta.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-15 Seirbhísí aistriúcháin (CPC 87905, seachas gníomhaíochtaí oifigiúla nó deimhnithe)	CSS: In AT, BG, CZ, DK, FI, HU, IE, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In AT, BE, BG, CZ, DK, EL, ES, FI, HU, IE, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In HR: Neamhcheangailte.
V-EU-16 Seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí a bhaineann le hinnealtóireacht (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518. BG: CPC 512, 5131, 5132, 5135, 514, 5161, 5162, 51641, 51643, 51644, 5165 agus 517)	CSS: AE: Neamhcheangailte ach amháin in BE, CZ, DK, ES, FR, NL agus SE. In CZ: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FR: Neamhcheangailte, cé is moite de theicneoirí, sa chás seo a leanas: Seachadtar an cead oibre ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí. Is gá tástáil riachtanas eacnamaíoch a chomhlíonadh .
V-EU-17 Obair imscrúdaithe láithreáin (CPC 5111)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, FI, HU, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta suas le 3 mhí.
V-EU-18 Seirbhísí ardoideachais (CPC 923)	CSS: AE ach amháin in LU, SE: Neamhcheangailte. In LU: Neamhcheangailte, cé is moite d'ollúna ollscoile, agus sa chás sin teorainn ar bith. In SE: (Soláthróirí seirbhísí oideachais arna gcistiú go poiblí agus go príobháideach agus a bhfuil tacaíocht éigin Stáit acu): Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-19 Seirbhísí comhshaoil (CPC 9401, 9402, 9403, 9404, cuid de 94060, 9405, cuid de 9406 agus 9409)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, EL, HU, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-20 Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (CPC 7471 lena n-áirítear bainisteoirí turais ¹²)	CSS: In BE, IE: Neamhcheangailte, cé is moite de bhainisteoirí turais, agus sa chás sin teorainn ar bith. In BG, EL, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta suas le 3 mhí.

¹² Soláthróirí seirbhíse a bhfuil sé d’fheidhm acu grúpa turais de 10 nduine nádúrtha ar a laghad a thionlacan, gan gníomhú ina dtreoraithe in áiteanna sonracha.

SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLÉÁCHA

LIOSTA MHEICSICEO

Soláthróirí Seirbhíí Conarthacha

1. Áirítear sa chatagóir seo freisin gairmithe agus gairmithe teicneora.
2. Chun críocha na catagóire seo:
 - (a) ciallaíonn ‘gairmí’ duine nádúrtha atá ag gabháil do ghairm speisialtachta lena gceanglaítear an méid seo a leanas:
 - (i) cur i bhfeidhm teoiriciúil agus praiticiúil corpais saineolais; agus
 - (ii) baint amach céime iar-mheánscoile le haghaidh iontráil sa ghairm;
 - (b) ciallaíonn ‘gairmí teicneora’ gairmí ag a bhfuil:
 - (i) cur i bhfeidhm teoiriciúil agus praiticiúil corpais saineolais; agus

(ii) céim iar-mheánscoile bainte amach le haghaidh iontráil sa ghairm.

3. Liosta na bhforchoimeádas

Earnáil nó Fo-earnáil	Coinníollacha agus Teorainneacha (lena n-áirítear fad fanachta)
Gach earnáil	1. Chun críoch teacht isteach sealadach, deonóidh Meicsiceo fanacht aon bhliana amháin, agus féadfar síneadh a chur leis an bhfanacht sin trí huaire le haghaidh bliain amháin gach uair. 2. Deonóidh Meicsiceo teacht isteach sealadach agus soláthróidh sé doiciméadacht deimhniúcháin do dhuine gnó atá ag iarraidh gabháil do ghníomhaíocht ghnó ar leibhéal gairmiúil nó do ghairmí teicneora, bunaithe ar chonradh oibre, ar choinníoll go gcuirtear isteach an méid seo a leanas: (a) doiciméadacht lena léirítear go mbeidh an duine gnó ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin agus ina dtugtar tuairisc ar an gcuspóir maidir le teacht isteach; agus (b) doiciméadacht lena léirítear go bhfuil na riachtanais acadúla íosta nó céimeanna nó teastais acadúla mhalartacha ag an duine gnó. 3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní thabharfar le tuiscint le teacht isteach sealadach gairmithe nó gairmithe teicneora go n-aithneofar céimeanna nó teastais acadúla, ná go ndeonófar ceadúnais le haghaidh cleachtas gairmiúil. 4. Tá an chatagóir seo faoi réir tairiscint fostaíochta i Meicsiceo a bhfuil luach saothair ag dul léi.

Earnáil nó Fo-earnáil	Coinníollacha agus Teorainneacha (lena n-áirítear fad fanachta)
	5. I dtaca leis na gairmeacha nó leis na gníomhaíochtaí seo a leanas, deonófar teacht isteach sealadach i gcatagóir an ghairmí teicneora: (a) dearadh agus fógraíocht; (b) ailtireacht agus dearadh intí; (c) cuntasáíocht agus bainistíocht; (d) turasóireacht agus gastranamaíocht; (e) córais agus ríomhaireacht; (f) innealtóireacht; (g) sláinte (lena n-áirítear altranas teicniúil, cógaisíocht agus fisiteiripe); (h) foirgníocht; (i) leictreachas agus cumarsáid; (j) táirgeadh tionsclaíoch; agus (k) cothabháil agus deisiú innealra agus trealaimh (lena n-áirítear cothabháil agus deisiú na gcineálacha uile feithiclí, soithí agus aerárthaí), ar choinníoll nach bhfuil an gairmí teicneora mar chuid d'fhoireann aon soithigh nó aon aerárthaigh a bhfuil an bhratach ar foluain acu nó a bhfuil lógó ceannaí Mheicsiceo ar taispeáint acu. Deonóidh Meicsiceo teacht isteach agus fanacht sealadach do chéilí sholáthróirí seirbhísí conarthacha an Aontais Eorpaigh, do ghairmithe an Aontais Eorpaigh agus do ghairmithe teicneora an Aontais Eorpaigh. Deonóidh Meicsiceo cead oibre do chéilí sholáthróirí seirbhísí conarthacha an Aontais Eorpaigh, do ghairmithe an Aontais Eorpaigh agus do ghairmithe teicneora an Aontais Eorpaigh, faoi réir tairiscint fostaíochta roimh ré i gcomhréir le dlí Mheicsiceo.

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. I Liosta Páirtí a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, leagtar amach an méid seo a leanas:
 - (a) i Roinn A, de bhun mhír 1 d’Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), bearta an Pháirtí sin atá ann cheana nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sna forálacha seo a leanas:
 - (i) 18.3 (Cóir Náisiúnta);
 - (ii) 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);
 - (iii) 18.5 (Rochtain ar an Margadh);
 - (iv) 18.6 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó
 - (v) 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais); agus

- (b) i Roinn B, de bhun mhír 2 d’Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha ar ina leith a fhéadfaidh an Páirtí sin bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh, ar bearta iad nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sna forálacha seo a leanas:
- (i) 18.3 (Cóir Náisiúnta);
 - (ii) 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);
 - (iii) 18.5 (Rochtain ar an Margadh);
 - (iv) 18.6 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó
 - (v) 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais).
2. Tá Liosta Páirtí gan dochar do chearta agus d’oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).
3. I ngach iontráil i Roinn A de Liosta an Pháirtí, leagtar amach na heilimintí seo a leanas:
- (a) tagraíonn ‘earnáil’ don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

- (b) tagraíonn ‘fo-earnáil’ don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;
- (c) sonraíonn ‘oibleagáidí lena mbaineann’ na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír 1(a) nach bhfuil feidhm acu, de bhun mhír 1 d’Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), maidir leis na bearta a liostaítear san iontráil;
- (d) le ‘leibhéal rialtais’ tagraítear don leibhéal rialtais a choinníonn na bearta sonraithe ar bun;
- (e) sainaitnítear le ‘bearta’ na dlíthe, na rialacháin nó na bearta eile a ndéantar an iontráil ina leith. Maidir le beart a luaitear san eilimint ‘bearta’:
 - (i) ciallaíonn sé an beart arna leasú, arna leanúint nó arna athnuachan ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh;
 - (ii) cuimsíonn sé aon fhobheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun faoi údarás an bhirt agus atá comhsheasmhach leis an mbeart; agus
 - (iii) maidir le teoracha an Aontais Eorpaigh, áirítear ann aon dlí, aon rialachán nó aon bheart eile lena gcuirtear an treoir ábhartha chun feidhme ar leibhéal na mBallstát; agus
- (f) sa ‘tuairisc’ leagtar amach gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana nó tugtar tuairisc ghinearálta neamhcheangailteach ar an mbeart a ndéantar an iontráil ina leith.

4. Agus iontráil i roinn A á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Beidh forlámhas ag an eilimint ‘beart’ ar gach eilimint eile.

5. I ngach iontráil i Roinn B den Liosta, leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

- (a) tagraíonn ‘earnáil’ don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;
- (b) tagraíonn ‘fo-earnáil’ don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;
- (c) sonraíonn ‘oibleagáidí lena mbaineann’ na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír 1(b) nach bhfuil feidhm acu, de bhun mhír 2 d’Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), maidir leis na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí a liostaítear san iontráil;
- (d) le ‘leibhéal rialtais’ tagraítear don leibhéal rialtais a choinníonn na bearta sonraithe ar bun;
- (e) sa ‘tuairisc’ leagtar amach raon feidhme na hearnála, na fo-earnála nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas; agus
- (f) le ‘Bearta atá ann cheana’, i gcás ina sonraítear iad, sainaitnítear, chun críoch trédhearcachta, liosta neamh-uileghabhálach de bhearta atá ann cheana a bhfuil feidhm acu maidir leis an earnáil, leis an bhfo-earnáil nó leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas.

6. Agus iontráil i roinn B á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Beidh forlámhas ag eilimint na ‘tuairisce’ ar gach eilimint eile.
7. I dtaca le liostú forchoimeádais i Roinn A nó B, ní chiallaíonn sé nach féidir údar a thabhairt leis, ar shlí eile, mar bheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta de bhun Airteagal 18.13 (Díolmhú Stuamachta).
8. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais agus de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, agus maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas.
9. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó ar leibhéal náisiúnta Ballstáit, tá feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.
10. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i dtaca le beart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 18.18 (Rialáil Intíre agus Trédhearcacht) a chomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 18.3 (Cóir Náisiúnta), Airteagal 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), Airteagal 18.5 (Rochtain ar an Margadh), Airteagal 18.6 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí), nó Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais), ní gá é a liostú i Liosta Páirtí.
11. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní teorainn le hAirteagal 18.5 (Rochtain ar an Margadh) iad na ‘teorainneacha maidir le rannpháirtíocht caipitil eachtraigh i dtaca le teorainn uasta an chéatadáin le scairshealbhú eachtrach nó luach iomlán na hinfheistíochta eachtraí aonair nó na hinfheistíochta eachtraí comhiomláine’.

12. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i Liosta an Aontais Eorpaigh:

AT an Ostair

BE an Bheilg¹

BG an Bhulgáir

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

DK an Danmhairg

EE an Eastóin

EL an Ghréig

ES an Spáinn

¹ Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

AE	an tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh
FI	an Fhionlainn ²
FR	an Fhrainc
HR	an Chróit
HU	an Ungáir
IE	Éire
IT	an Iodáil
LT	an Liotuáin
LU	Lucsamburg
LV	an Laitvia
MT	Málta
NL	an Ísiltír

² Chun críocha fhorchoimeádais an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland.

PL an Pholainn

PT an Phortaingéil

RO an Rómáin

SE an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK an tSlóvaic

13. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an oibleagáid cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear léi, a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach, an ceanglas an chóir chéanna a dheonaítear i mBallstát do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Bhallstáit eile, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta), a leathnú chuig daoine nádúrtha nó fiontair Mheicsiceo, nó aon bheart arna ghlacadh de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

14. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, chun críocha Liosta Mheicsiceo, is é Meicsiceo an chiall atá leis na téarmaí 'Náisiún' agus 'Stát'.

FORCHOIMEÁDAIS LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

(infheidhme i ngach Ballstát ach amháin má shonraítear a mhalairt)

ROINN A

VI-AE-A-1

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Árachas

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)

Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In BG: Is mar chuideachta comhstoic atá ceadúnaithe i gcomhréir leis an gCód Árachais Shóisialta agus atá cláraithe faoin Acht um Thráchtáil nó faoi reachtaíocht Ballstáit eile (gan bhrainsí) a chuirfear árachas pinsin ar fáil.

Féadfaidh tionscnóirí agus scairshealbhóirí cuideachtaí árachais pinsin a bheith ina ndaoine dlítheanacha neamhchónaitheacha, atá cláraithe mar institiúid árachais shóisialta, árachais tráchtála nó institiúid airgeadais eile faoi dhlí Bhallstát na ndaoine dlítheanacha neamhchónaitheacha sin, má chuireann siad teistiméireachtaí baine ar fáil ó bhanc eachtrach den chéad aicme arna ndearbhú ag Banc Náisiúnta na Bulgáire. Ní féidir le daoine nádúrtha neamhchónaitheacha a bheith ina dtionscnóirí ná ina scairshealbhóirí de chuid cuideachtaí árachais pinsin.

Maidir le hioncam chistí forlíontacha na bpinsean deonach, chomh maith le hioncam cosúil leis atá ceangailte go díreach le hárachas pinsin deonach arna chur ar fáil ag daoine atá cláraithe faoi reachtaíocht Ballstáit eile agus a fhéadfaidh, i gcomhréir leis an reachtaíocht lena mbaineann, oibriúcháin árachais pinsin dheonaigh a dhéanamh, ní bheidh an t-ioncam sin incháinithe de réir an nós imeachta a bunaíodh leis an Acht um Cháin Ioncaim Chorporáideach.

Ní mór do chathaoirleach an bhoird bainistíochta, do chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí, don stiúrthóir feidhmiúcháin agus don ghníomhaire bainistíochta seoladh buan a bheith acu nó cead cónaithe fadtéarmach a bheith acu in BG.

Bearta:

BG: Cód Árachais Shóisialta, Airteagail 120a go 162, 209 go 253 agus 260 go 310.

VI-AE-A-2

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Árachas

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In AT: Chun ceadúnas a fháil le hoifig brainse a oscailt, ní mór d'árachóirí eachtracha foirm dhlíthiúil a bheith acu a chomhfhreagraíonn do chuideachta comhstoic nó comhlachas árachais fhrithpháirtigh ina dtír bhaile, nó atá inchomparáide leis an gcuideachta nó comhlachas sin.

Is éard a bheidh i mbainistíocht oifige brainse beirt nádúrtha ar a laghad a bhfuil cónaí orthu in AT.

In BG: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht chun árachas a sholáthar, ní mór d'árachóir nó d'athárachóir eachtrach a bheith údaráithe chun oibriú ina thír thionscnaimh sna haicmí árachais céanna leis na haicmí árachais ar mian leis a sholáthar in BG.

Ceanglas cónaitheachta ar chomhaltaí comhlachta bainistíochta agus maoirseachta de ghnóthais (ath)árachais agus ar gach duine atá údaraithe chun bainistíocht nó ionadaíocht a dhéanamh ar an ngnóthas (ath)árachais.

Bearta:

AT: An tAcht um Maoirseacht Árachais (*Versicherungsaufsichtsgesetz, VAG*), §5 (1) 3.

BG: Cód Árachais, Airteagail 12, 56 go 63, 65, 66 agus mír 4 d'Airteagal 80.

VI-AE-A-3

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Árachas

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In ES: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht in ES, chun aicmí áirithe árachais a sholáthar, ní mór d'árachóir eachtrach a bheith údaraithe chun oibriú sna haicmí céanna árachais ina dtír thionscnaimh ar feadh 5 bliana ar a laghad.

In PT: Chun brainse nó gníomhaireacht a bhunú, ní mór do chuideachtaí árachais eachtracha taithí oibriúcháin de 5 bliana ar a laghad a léiriú.

In PT, ES agus BG: Níl brainsiú díreach ceadaithe le haghaidh idirghabháil árachais, rud atá forchoimeádta do chuideachtaí a bunaíodh i gcomhréir le dlí Ballstáit.

In SE: Is trí bhraíne amháin a fhéadfar gnóthais idirghabhála árachais nach bhfuil corpraithe san Aontas a bhunú.

Bearta:

BG: Cód Árachais, Airteagail 12, 56 go 63, 65, 66 agus mír 4 d'Airteagal 80.

In ES: Reglamento de Ordenación, Supervisión y Solvencia de Entidades Aseguradoras y Reaseguradoras (RD 1060/2015, Airteagal 36.

PT: Dlí Forairthne 94-B/98 Airteagal 7 agus Roinn VI de Chaibidil I, Dlí Forairthne 144/2006, míreanna 6 agus 7 d'Airteagail 34 agus 7.

VI-AE-A-4

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Árachas

Oibleagáidí lena mBaineann: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In DE agus LT: Tá bunú agus údarú brainse ina gceanglas chun gur féidir le cuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach seirbhísí árachais dhírigh a sholáthar.

Bearta

DE: §§67 go 69 den Acht um Maoirseacht Árachais *Versicherungsaufsichtsgesetz, VAG* le haghaidh na seirbhísí árachais uile a bhfuil Sócmhainneacht 2 á cur chun feidhme acu; i ndáil le §105 de *Luftverkehrs-Zulassungs-Ordnung (LuftVZO)* le haghaidh árachas dliteanais aeir éigeantaigh amháin.

LT: Dlí um Árachas, an 18 Meán Fómhair 2003, Uimh. IX-1737, an leasú deireanach an 15 Nollaig 2016; agus Dlí Uimh. XIII-98.

VI-AE-A-5

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Árachas

Oibleagáidí lena mBaineann: Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In EL: Leis an gceart bunaíochta, ní cheadaítear cruthú oifigí ionadaíocha ná láithreach bhuan eile cuideachtaí árachais, ach amháin i gcás ina mbunaítear na hoifigí sin mar ghníomhaireachtaí, brainsí nó ceannoifigí.

In PL: Tá corprú áitiúil (gan bhrainsí) ina cheanglas le haghaidh idirghabhálaithe árachais.

Bearta:

EL: Forairthne Reachtach 400/1970.

PL: An tAcht um Ghníomhaíocht Árachais an 22 Bealtaine 2003; agus

An tAcht um Idirghabháil Árachais an 22 Bealtaine, 2003 (Iris Dlíthe 2003, Uimh. 124, mír 1154), Airteagail 16 agus 31.

VI-AE-A-6

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

Oibleagáidí lena mBaineann: Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)

Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In IT: Chun bheith údaraithe chun an córas um shocrú urrús a oibriú nó na seirbhísí lárnacha um thaiscí urrúis a sholáthar ag a bhfuil bunaíocht in IT, ceanglaítear ar chuideachta a bheith corpraithe in IT (gan bhrainsí).

I gcás scéimeanna comhinfheistíochta seachas gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (dá ngairtear ‘UCITS’ anseo feasta) arna gcomhchuiibhiú faoi reachtaíocht an Aontais, tá sé ina cheanglas go mbeadh an t-iontaobhaí nó an taisceánach bunaithe in IT nó i mBallstát eile agus brainse a bheith aige in IT.

Tá sé ina cheanglas freisin go mbeadh fiontair bhainistíochta le haghaidh cistí infheistíochta nach bhfuil comhchuibhithe faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh corpraithe in IT (gan bhrainsí).

Ní fhéadfaidh ach bainc, fiontair árachais, fiontair infheistíochta agus gnóthais a dhéanann bainistíocht ar UCITS arna gcomhchuibhiú faoi dhlí an Aontais agus a bhfuil a gceannoifig dhlíthiúil san Aontas Eorpach, chomh maith le UCITS corpraithe in IT, bainistíocht a dhéanamh ar acmhainn ciste pinsin.

Agus an ghníomhaíocht díolta ó dhoras go doras á soláthar acu, ní mór d'idirghabhálaithe úsáid a bhaint as díoltóirí airgeadais údaráithe a bhfuil cónaí orthu laistigh de chríoch Ballstáit.

Ní féidir le hoifigí ionadaíochta idirghabhálaithe nach idirghabhálaithe den Aontas iad gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar sheirbhísí infheistíochta a sholáthar, lena n-áirítear trádáil dilseánaigh agus trádáil do chuntas na gcustaiméirí, socrú agus frithghealladh ionstraimí airgeadais (brainse ina cheanglas).

Bearta:

IT: Forraithne Reachtach 58/1998, Airteagail 1, 19, 28, 30 go 33, 38, 69 agus 80;

Comhrialachán Bhanc na hIodáile agus Consob an 22 Feabhra 1998, Airteagail 3 agus 41;

Rialachán Bhanc na hIodáile an 25 Eanáir 2005, Teideal V, Caibidil VII, Roinn II;

Rialachán Consob 16190 an 29.10.2007, Airteagail 17 go 21, 78 go 81, 91 go 111; agus atá faoi réir:

Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús (CSDR), Airteagal 69(4).

VI-AE-A-7

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In BG: Beidh príomhghnó na hinstitiúide airgeadais ar chríoch BG.

In HU: Ní ghabhfaidh brainsí de chuideachtaí neamh-LEE um bainistíocht cistí infheistíochta do bhainistiú chistí infheistíochta an Aontais agus ní sholáthróidh siad seirbhísí bainistíochta sócmhainne do chistí pinsin príobháideacha.

Bearta:

BG: Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa, Airteagal 3a;

Cód Árachais Shóisialta, Airteagal 121e; agus

Dlí Airgeadra, Airteagal 3.

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus

Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

VI-AE-A-8

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

Oibleagáidí lena mBaineann: Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In BG: Beirt nádúrtha ar a laghad a dhéanfaidh bainistiú agus ionadaíocht go comhpháirteach ar an mbanc, agus beidh duine amháin acu oile sa Bhulgáiris. Beidh na daoine nádúrtha a dhéanann bainistiú agus ionadaíocht ar an mbanc i láthair go pearsanta ag a sheoladh bainistíochta.

In HU: Beidh beirt chomhaltaí ar a laghad ar bhord stiúrthóirí institiúide creidmheasa a bhfuil cónaí orthu in HU de réir na rialachán ar mhalairt eachtrach agus ar a raibh buanchónaí in HU roimhe sin ar feadh bliain amháin ar a laghad.

In SE: Beidh bunaitheoir bainc taisce ina dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air in LEE.

Bearta:

BG: Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa, Airteagal 10;

Cód Árachais Shóisialta, Airteagal 121e; agus

Dlí Airgeadra, Airteagal 3.

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus

Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

SE: An tAcht um Banc Taisce (*Sparbankslagen*) (1987:619), Caibidil 2 § 1, an dara mír.

VI-AE-A-9

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In PT: I gcás bainistíocht cistí pinsin, ní fhéadfar í a sholáthar ach amháin trí chuideachtaí speisialaithe atá corpraithe in PT don chuspóir sin agus trí chuideachtaí árachais atá bunaithe in PT agus atá údaraithe chun dul i mbun gnó árachais saoil, nó trí eintitis atá údaraithe chun bainistíocht cistí pinsin a sholáthar i mBallstáit eile. Níl brainsí díreacha ó thíortha neamh-AE ceadaithe.

In RO: Is daoine dlítheanacha arna mbunú mar chuideachtaí comhstoic iad oibreoirí margaidh i gcomhréir le forálacha an Dlí Cuideachta. Is féidir le hoibreoir córais arna chur ar bun faoi na coinníollacha a bhfuil tuairisc orthu thuas nó gnólacht infheistíochta atá údaraithe ag an gCoimisiún Náisiúnta um Urrúis (*Comisia Nationala a Valorilor Mobiliare, CNVM*) córais trádála mhalartacha a bhainistiú.

In SI: Féadfar scéim pinsin a sholáthar trí chiste frithpháirteach pinsin, nach eintiteas dlítheanach é agus a bhíonn á bhainistiú, dá bhrí sin, ag cuideachta árachais, banc nó cuideachta pinsin. Ina theannta sin, is féidir le soláthraithe scéime pinsin scéim pinsin a sholáthar a bhunaítear i gcomhréir le dlí an Bhallstáit.

Bearta:

PT: Dlí Forairhne 12/2006 arna leasú le Dlí Forairhne 180/2007;

Dlí Forairhne 357-A/2007; agus

Rialachán 7/2007-R, arna leasú le Rialachán 2/2008-R, Rialachán 19/2008-R agus Rialachán 8/2009.

RO: Dlí Uimh. 297/2004 maidir le margaí caipitil; agus CNVM (*Comisia Nationala a Valorilor Mobiliare*) Rialachán Uimh. 2/2006 maidir le margaí rialáilte agus córais trádála mhalartacha.

SI: An tAcht um Pinsean agus Árachas Míchumais (Iris Oifigiúil Uimh. 102/15).

VI-AE-A-10

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

Oibleagáidí lena mBaineann: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Leibhéal Rialtais: An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In HU: Is trí bhrainse in HU amháin a fhéadfaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid LEE iad seirbhísí airgeadais a sholáthar nó gabháil do ghníomhaíochtaí cúnata do sheirbhísí airgeadais.

Bearta:

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus

Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

ROINN B

VI-AE-B-1

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Uile

Oibleagáidí lena mBaineann: Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.6)

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun ceangal a chur ar institiúid airgeadais, cé is moite de bhrainse, foirm dhlíthiúil shonrach a ghlacadh agus é á bunú féin i mBallstát, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

VI-AE-B-2

Earnáil: Seirbhísí Airgeadais

Fo-earnáil: Seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)

Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)

Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Tuairisc:

In FI: Tá soláthar seirbhísí bróicéara árachais faoi réir buanáit ghnó san Aontas Eorpach.

